An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

# Réamhrá

**An tAire Gnóthaí Eachtracha**
Simon Coveney T.D



*An tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney © Julien Behal / RGE*

Ach an oiread leis an gcuid eile den domhan, ba í paindéim COVID-19 an dúshlán ba shuntasaí a raibh tionchar aige ar an tír seo, ar an Roinn seo, agus ar an Rialtas níos leithne, in 2020. Creidim gurbh í freagairt na Roinne is fearr a thaispeáin an chaoi a bhfuil beagnach 2,500 duine dá foireann oibre scaipthe ar fud an domhain “Ag Obair ar Son na hÉireann”, ón gcabhair chonsalachta a chuirtear ar fáil dár saoránaigh thar lear go dtí an dearcadh eolach idirnáisiúnta a thug sí do chinnteoireacht tras-rialtais, go dtí athlonnaithe suntasacha ball foirne chun tacú le rianú teagmhálacha na paindéime. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d’athléimneacht na mball foirne a d’oibrigh lena linn chun tacú lenár saoránaigh thar sáile agus chun iad a chur ar an eolas faoi bheartas rialtas na hÉireann ach cumarsáid éifeachtach a úsáid lenár gcomh-pháirtithe idirnáisiúnta san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Cé go raibh an phaindéim sonrach sa bhliain, lean dul chun cinn ar aghaidh ar roinnt tionscnamh straitéiseach i rith 2020. Thosaigh an bhliain le dul chun cinn a rabhthas an-sásta leis i dTuaisceart Éireann. Tar éis trí bliana gan institiúidí comhroinnte cumhachta, ba é an comhaontú “Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua” a réitigh an bealach d’athbhunú na n-institiúidí agus atosú comhroinnte cumhachta. Tosaíodh tionscnamh nua in 2020 freisin, agus seoladh an chéad Chomhrá dár nOileán go léir i mí na Samhna. Sa chomhrá “Glúnta nua agus guthanna nua maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta’” bhí 80 duine óg ó cheann ceann na tíre a ghlac páirt san imeacht agus a roinn a gcuid tuairimí. Táimid fós tiomanta oibriú trí chur chun feidhme ‘Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua’, trí oidhreacht na coimhlinte, agus trí thionchar na n-iarmhairtí casta ar an oileán seo de bharr an Bhreatimeachta. Ós ag caint ar an mBreatimeacht níos leithne, lean obair i mBaile Átha Cliath, sa Bhruiséil, i Londain agus ár misin i dtíortha an AE ar aghaidh go tapa, leis an gcomhthéacs nua sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a cuireadh i gcrích i mí na Nollag, agus pleanáil fhairsing ullmhachta an Bhreatimeachta a cuireadh i gcrích i rith na bliana.

Ba bhuaicphointe é de mhíonna an tsamhraidh toghadh rathúil na hÉireann go dtí Comhairle Slándála na NA i mí an Mheithimh 2020. Cuireadh dlús le hullmhúcháin ní ba mhó ag tús ár dtéarma dhá bhliain ar an gComhairle Slándála, Eanáir 2021. I gcroílár ár dtosaíochtaí le haghaidh ballraíochta tá; cothú na síochána, cosc na coinbhleachta a neartú; cuntasacht a chinntiú ach riail an dlí a chur ar aghaidh agus seasamh le cearta daonna uilíocha.

Lean obair ar thionscadal Éire Dhomhanda ar aghaidh in ainneoin gur cuireadh oscailt roinnt misean taidhleoireachta nua ar athlá go dtí 2021 de bharr na paindéime. Chuir an bhliain 2020 ar chumas mo roinne leanúint ar aghaidh le hullmhúcháin do chur chun feidhme Expo 2020 Dubai, i ndiaidh dó a bheith curtha ar athlá go dtí 2021.

Foilsíodh dhá straitéis thábhachtacha de chuid Éire Dhomhanda i rith na bliana. Seoladh “Éire Dhomhanda: An beart á dhéanamh i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise go 2025” i mí Eanáir 2020, ina raibh cuspóirí ar nós naisc thrádála agus infheistíochta na hÉireann a fhorbairt go suntasach leis an réigiún agus níos mó malairtí duine le duine a éascú maidir le gnó, an saol acadúil, cultúr agus an tsochaí shibhialta. Seoladh Straitéis Diaspóra na hÉireann 2020–2025 i mí na Samhna. Is straitéis ionchuimsitheach agus réamhbhreathnaithe í a chuireann leas na nÉireannach thar lear i gcroí rannpháirtíocht ár ndiaspóra agus a chuireann iallach orainn naisc úra a thógáil ar fud ár ndiaspóra agus a chuireann borradh faoi na cinn atá ann cheana. Déanann an dá straitéis ionadaíocht ar ionchuir shonracha ar leith don tionscnamh Éire Dhomhanda, a mheasann go mbeidh scóip agus tionchar Lorg Domhanda na hÉireann méadaithe faoi dhó faoi cheann 2025.

Ag féachaint ar aghaidh, cé go bhfuil an phaindéim mar chuid den saol fós, tá mise muiníneach go leanfaidh an Roinn ar aghaidh chun leasanna agus luachanna na saoránach Éireannach a chur chun cinn, chomh díograiseach agus chomh hionraic agus is féidir.



**Simon Coveney T.D.**
Aire Gnóthaí Eachtracha

# Réamhrá

**Ard-Rúnaí**
Joe Hackett



*Ard-Rúnaí Joe Hackett © RGE*

Bhí an bhliain 2020 éagsúil le haon bhliain eile dá raibh ann riamh don Roinn, don tír, agus go deimhin don chuid eile den domhan. Airíodh tionchar COVID-19 go luath ar fud ár líonra taidhleoireachta, agus mar a d'athraigh an saol inár dtimpeall de réir cúinsí nach raibh aon choinne leo, d'athraigh saol bhaill foirne na Roinne sa cheanncheathrú agus thar lear.

Bhí sé ina thréimhse dhúshlánach dúinn ar fad, agus tá fós. Ag deireadh na bliana 2020, idir cheanncheathrú, bhaill foirne postáilte, agus bhaill foirne áitiúla, bhí beagnach 2,500 duine ag obair don Roinn. Bhí tionchar difriúil ag an bpaindéim ar gach duine ar bhealach difriúil, go pearsanta agus go proifisiúnta. Mar chomhalta dár bhfoireann shinsearach, thug mé suntas do luas, scála agus éifeachtacht fhreagairt na Roinne, agus an fuinneamh agus an taithí a bhain comhghleacaithe leas as ar fud an domhain de réir éileamh na géarchéime domhanda ar mhaithe le saoránaigh Éireannacha in Éirinn agus thar lear. Táimid thar a bheith bródúil as na héachtaí atá bainte amach againn ar fad in ainneoin na ndeacrachtaí ar fad, agus tá súil agam go roinnfear eolas ar na héachtaí céanna ar fud na Roinne. Tugaim aitheantas faoi leith do na dualgais a cuireadh ar na comhghleacaithe a bhí ag obair thar lear le linn na paindéime, – dá mba leo féin a bhí siad, nó in éineacht lena muintir – ar nós go leor saoránach thar lear, ní raibh cead acu filleadh abhaile ar feadh cuid mhaith den bhliain. I gcás roinnt daoine, d'íoc siad go pearsanta agus go daor as.

Ba mhaith liom tréaslú le mo réamhtheachtaí freisin, Niall Burgess. Agus é mar Ard-Rúnaí go dtí níos luaithe i mbliana, threoir Niall freagairt na bainistíochta sinsearaí ar an bpaindéim, agus le linn na mblianta roimhe sin, rinne sé maoirseacht ar infheistíochtaí suntasacha agus é ag obair ó bhaile.

Tugann an tuarascáil bhliantúil seo léargas ar go leor de na bealaí éagsúla ar thug comhghleacaithe aghaidh ar an dúshlán COVID-19 agus ar chuir siad le freagairt an uile-rialtais. Chomh maith leis sin, aithníonn sí na réimsí oibre ar fad a tháinig chun cinn in ainneoin na paindéime. San áireamh leis sin, bhí ár dtoghadh chuig Comhairle Slándála na NA i bpróiseas an-iomaíoch go deo, bhí ceannaireacht fhairsing ar fud an Rialtais maidir le ceisteanna Breatimeachta, bhí éileamh gan choinne ar sheirbhísí consalachta, agus cuireadh le hiarrachtaí an rialtais freagairt do dhúshlán COVID-19. Bhí an Roinn gníomhach maidir le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais tar éis bhunú an Rialtais nua.

Trí chéile, ba iad na heispéiris, idir mhaith agus olc, a ndeachamar i ngleic leo mar Roinn i rith 2020 ba chúis linn a bheith ní ba shofhreagrúla agus ní ba nuálaí. Tá súil agam a bheith ag obair go dlúth lenár bhfoireann Airí agus lenár mbaill foirne ag an gceanncheathrú agus thar lear le linn na mblianta amach romhainn, chun an méid seo a leanas a bhaint amach: ár bpríomhaidhm chun freastal ar phobal na hÉireann, chun a luachanna agus a rathúnas a chur chun cinn i dtimpeallacht sheachtrach atá ag éirí níos casta.



**Joe Hackett**
Ard-Rúnaí

# Cad a dhéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha?

Ár nÁit san Eoraip a Threisiú

Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn

ÉIRE DOMHANDA

Éire Dhomhanda a Fhorbairt

Éire agus na Náisiúin Aontaithe

An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine

Domhan Níos Fearr

Ag Obair ar Son Domhan níos Fearr

Ag obair ar son Éireann ar fud na Cruinne

Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn

Ag Tacú le Muintir na hÉireann

Tionchar na hÉireann a Choinneáil

# Clár

| | |
|---|---|
| Réamhrá | 01 |
| Ag tabhairt aghaidh ar COVID-19 | 08 |
| Éire agus na Náisiúin Aontaithe - An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine | 17 |
| Ár nÁit san Eoraip a Threisiú | 22 |
| Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn | 28 |
| Éire Dhomhanda a Fhorbairt | 31 |
| Ag Obair ar son Domhan Níos Fearr | 40 |
| Ag Méadú Raon Feidhme na hÉireann - Fócas ar Chríocha Mheiriceá agus ar an Áise | 45 |
| Ag Tacú le Muintir na hÉireann | 56 |
| Ag Tacú lenár nÉifeachtacht | 59 |
| Bainistíocht Airgeadais | 74 |

# Ag tabhairt aghaidh ar COVID-19

## Ag tabhairt aghaidh ar COVID-19

D'fhréamhaigh paindéim COVID-19 ar fud an domhain go luath in 2020, rud a d'fhág go raibh modh maireachtála nua agus modhanna oibre nua ag teastáil. Clúdaíonn lorg na Roinne Gnóthaí Eachtracha an domhan ar fad. Is iad a baill foirne ar fud an domhain, a raibh roinnt mhaith acu i bhfoirne beaga, a chuaigh i ngleic le srianta dochta agus le COVID-19 ina bpobail áitiúla agus iad ag tabhairt na seirbhísí céanna dár saoránaigh thar lear. Cuirtear léargas ar fhreagairt na Roinne ar an bpaindéim sa bhaile agus thar lear ar fáil in íochtar.



*Téann an tAire Coveney i ngleic le foireann RGE in Éirinn agus thar lear trí fhíseán sa chéad chéim den phaindéim © RGE*

## Aisdúichiú chuig Éirinn agus uaithi

Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar obair chonsalachta na Roinne, agus bhí gá le cúrsaí consalachta a mhéadú, agus le línte cabhracha a bhunú chun freastal ar riachtanais ár saoránach. In 2020 amháin, ba é ionad glaonna COVID-19 an rialtais do shaoránaigh thar lear a d'fhreagair os cionn 24,000 glao i gcomhair cabhrach agus comhairle.

Bhí líon ár saoránach nach raibh chomh mór sin riamh, sáinnithe ar fud an domhain lena n-áirítear, go leor in áiteanna iargúlta nó i ndálaí a bhfuil sé deacair maireachtáil iontu, stiúir an Roinn an oibríocht aisdúichithe ab fhairsinge i stair an Stáit, agus chuidigh sí os cionn 8,000 saoránach filleadh abhaile ó 129 tír thar chúig ilchríoch. I measc na ndaoine sin bhí: go leor oibrithe sláinte, a bhí ag iarraidh cuidiú le freagairt COVID-19 sa bhaile. Bunaíodh obair na Roinne ar pholasaí nuálach; a forbraíodh ag céimeanna tosaigh na paindéime, a leag amach cur chuige cuimsitheach maidir le haisdúichiú agus leis na deacrachtaí a bhaineann leis. Cuireadh oiliúint ar suas le 180 comhghleacaí ar fud na Roinne agus d'oibrigh siad ó dhubh go dubh ar feadh míonna mar chuid den fhoireann chonsalachta níos leithne.



*Oibrithe deonacha ag obair in Ionad na Géarchéime Consalachta le linn phaindéim COVID-19 © RGE*



*Aonad athlíonta díghalráin i gcomhair na mball foirne ag obair in Ionad na Géarchéime © RGE*

Ní hamháin gur chuir an Roinn eolas ar fáil faoi shrianta a bhí i bhfeidhm sa tír, go hidirnáisiúnta, faoi bhealaí nach raibh aon bhac orthu agus faoi cheangail, ach chuidigh siad le saoránaigh suíocháin a fháil ar eitiltí nó ar bháid farantóireachta agus fuair siad spásanna i gcomhair saoránach ar eitiltí a chairtfhostaigh páirtithe an AE, na Breataine agus comhpháirtithe eile. I gcúpla cás faoi leith, ba í an Roinn féin a chairtfhostaigh eitiltí aisdúichithe, ach grúpaí saoránach a thabhairt abhaile go sábháilte ó Pheiriú, ón India agus ón Nigéir. Ba oibríochtaí casta iad sin ar fad, a raibh for-rochtain fhairsing agus cúnamh ag baint leo do shaoránaigh agus dá dteaghlaigh; plé le húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta; agus idirbheartaíochtaí le haerlínte agus le gnólachtaí iompair, in ainneoin srianta taistil áitiúla a bhí i bhfeidhm go daingean.

Chomh maith leis sin, bhí an Roinn páirteach maidir le cúnamh a thabhairt do shaoránaigh eachtracha a bhí in Éirinn filleadh ar a dtíortha dúchais. Agus an fhoireann Phrótacail ag obair go dlúth le hAmbasáidí eachtracha, leis an Roinn Iompair, le haerfoirt éagsúla agus leis an nGarda Síochána, chuidigh siad le heagrú 24 eitilt aisdúichithe a d'eitil ó Éirinn chun os cionn 3,000 saoránach eachtrach a thabhairt ar ais chuig a dtíortha dúchais. I measc na saoránach bhí; saoránaigh na hIodáile, na Slóvaice, na Spáinne, Chuáit, na hAraibe Sádaí, na Moldóive, Iosrael, na hIndia, agus na hÚcráine trí eitiltí aerlíne speisialta nó trí aerárthach míleata.

Chuir foirne tacaíochta corparáideacha ar chumas na foirne oibre sa bhaile agus thar lear leanúint ar aghaidh ag obair le linn na paindéime. I measc na bhfoirne tacaíochta corparáideacha bhí; an Aonad TFC agus an tAonad Bainistíochta Maoine (ABM), agus eile. Le linn 2020 ar fad, de réir chomhairle FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), USS (an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) agus de réir chomhairle ár gcomhghleacaithe sláinte agus sábháilteachta féin, d'oibrigh an ABM chun cinntiú go gcoinneofaí bail cheart ar ár 12 áitreabh ceanncheathrún agus ar os cionn 160 foirgneamh an mhisin, chomh maith leis na foirgnimh a choinneáil glan, díghalraithe, feistithe le comharthaíocht nua agus ullmhaithe go ginearálta ionas go mbeifear in ann filleadh ar na foirgnimh mar áiteanna oibre nuair a déarfaidh an rialtas go mbeidh sé sábháilte. I dteannta leis sin thug an ABM tacaíocht do bhunú na n-oifigí baile do na baill foirne a raibh sé de dhualgas orthu oibriú ó chian don chuid is mó den bhliain.

## Freagairt Taistil Éigeandála na Breataine Móire

De bharr fhógra an Rialtais ar 20 Nollaig a chuir bac ar thaisteal ón mBreatain Mhór (agus ón Afraic Theas) go hÉirinn de bhrí ábhair imní an phobail, gníomhaíodh Ionad Éigeandála na Roinne an tráthnóna céanna, agus bhí sé gníomhach ar feadh aimsir na Nollag / na Bliana Úire. I rith an ama seo, rinne an Roinn éascú ar fhilleadh 3,500 saoránach incháilithe agus cónaitheoirí fadtéarma ar Éirinn, trí eitiltí speisialta nó báid farantóireachta a eagrú.

## Comhairle Taistil Chonsalachta

Bhí soláthar comhairle taistil a bhí cuí agus suas chun dáta riachtanach in 2020, agus saoránaigh ag brath ar an Roinn mar fhoinse eolais iontaofa agus neamhchlaonta. I gcomhar lena líonra d'Ambasáidí agus de Chonsalachtaí thar lear, choinnigh an Roinn a seirbhís chomhairle taistil ar líne ar ardchaighdeán, ag tabhairt eolas mionsonraithe faoi na cúinsí a bhí ag athrú go tapa i dtíortha agus i gcríocha ar fud an domhain. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le Ranna ábhartha eile maidir le heolas faoi thaisteal go hÉirinn agus le srianta COVID-19 atá i bhfeidhm anseo. Theastaigh ó oibríochtú chóras nua na soilse tráchta de chuid an Aontais Eorpaigh san fhómhar go gcuirfí aip TravelWise na Roinne ar fionraí.

## Ag Cinntiú Leanúnachais maidir le Seirbhísí Consalachta

Is iad na Seirbhísí Consalachta, a chuimsíonn an tIonad Fíordheimhnithe agus Apastaile agus Ionad na bPóstaí Thar Lear, a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus don ghairm dlí. D'athraigh na baill foirne sa dá aonad oibríochtaí le linn COVID-19 agus lean siad ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil le linn na bliana, de bharr go raibh líon na n-iarratas ard i gcónaí.

De réir srianta sláinte phoiblí, dúnadh na hoifigí poiblí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh i mí Márta. D'athraigh an tIonad Fíordheimhnithe agus Apastaile ó bheith ina sheirbhís chomhlánaithe aon lae a bhí ar fáil don phobal go dtí seirbhís chláraithe a d'fheidhmigh tríd an bpost amháin, agus baill foirne ag obair san oifig le linn na leibhéil srianta ar fad ionas go raibh rochtain acu ar iarratais agus go mbeidís in ann úsáid a bhaint as printéirí agus trealamh speisialta. Bhí tréimhsí feithimh ní b'fhaide ná mar a bhí go hiondúil de bharr cur isteach ar chleachtaí seanbhunaithe, agus an riachtanas chun baill foirne a rothlú idir a bheith ag obair sa bhaile agus san oifig ionas nach sárófaí riachtanais sláinte agus sábháilteacht an phobail. Theastaigh baill bhreise foirne, spás agus trealamh oifige chun sábháilteacht foirne, leanúnachas gnó agus cothabháil na seirbhísí a chinntiú.



**RONAN CUNNIFFE**
**Céad-Rúnaí | Consalach**

**Ceapadh mé mar Leas-Stiúrthóir do Chosaint Chonsalach i mí Meithimh 2019. Cé gur Rannóg ghnóthach í Rannóg na Consalachta i gcónaí, chruthaigh COVID-19 dúshláin mhóra chonsalachta le linn 2020. Sáinníodh Saoránaigh ar fud an domhain agus theastaigh cúnamh uathu filleadh abhaile. Theastaigh ó theaghlaigh in Éirinn eolas a bheith acu ar an méid a bhí ag tarlú thar lear agus ar bhealaí a bhféadfaidís cuidiú lena ngaolta thar lear. De réir mar a tháinig an phaindéim chun cinn, d'éirigh treoirlínte maidir le taisteal idirnáisiúnta an-suntasach, rud a d'fhág go raibh tábhacht faoi leith ag baint lenár gComhairle Taistil. Agus le linn na bliana ar fad, bhí gach aon chás consalachta casta de bharr na paindéime agus na srianta a bhain léi.**

**Cé go raibh an bhliain dúshlánach, breathnaím siar uirthi mar thréimhse a raibh éachtaí go leor inti don fhoireann Chonsalachta, dár gcomhghleacaithe Misin ar fud an domhain agus na comhghleacaithe ar fad ó aonaid eile a thug tacaíocht le linn na freagartha. Cuireann obair Chonsalachta ar chumas duine difríocht dhearfach fhollasach a dhéanamh do shaoránaigh in am an ghátair agus airím go raibh an t-áth orm go raibh mé mar chuid de fhreagairt iontach na Roinne.**

# Sracfhéachaint ar Fhreagairt Chonsalachta & Phrótacal COVID-19

Tugadh cúnamh do

**8,000**

duine **filleadh ar Éirinn ó áiteanna thar lear** le linn na míonna tosaigh

**X100**

Tugadh cúnamh do

**3,500**

duine teacht abhaile ón **mBreatain Mhór**

Athlonnaíodh

**180**

ball den fhoireann, ag obair **24/7**

**24**

**24** eitilt aisdúichithe ar a raibh **3,000 náisiúnach coigríche** a bhí ag fágáil na hÉireann

Eisíodh

**1,550**

**Litir Saoirseachta chun pósta**

Freagraíodh

**24,000**

**glaoch ar chúnamh**

Eisíodh

**44,532**

**stampa** Fíordheimhnithe agus Apastaile

## Ciste Freagartha COVID-19

Agus scála thionchar na paindéime ar phobail ár ndiaspóra ag éirí soiléir, bhog an rialtas go tapa chun dul i ngleic leis. Bhí Ciste Freagartha COVID-19 faoi bhainistiú Ionad na Roinne Éireannaí, agus bunaíodh an ciste mar acmhainn dírithe ar phobail Éireannacha thar lear. Ba iad na ceithre phríomhaidhm ná:

- na daoine aosta a chosaint agus tionchar aonraithe sóisialta a mhaolú;
- freastal ar riachtanais na ndaoine a bhí leochaileach de bharr na géarchéime agus dul i ngleic le cásanna tubaisteacha go tapa agus go héifeachtach;
- tacaíochtaí meabhairshláinte agus comhairle méala a chur ar fáil do na daoine a raibh sé ag teastáil uathu agus chun;
- tacaíocht a thabhairt chun seirbhísí a chur ar fáil ar líne ar bhealaí nuálacha.

Forbraíodh tionscadail trí eagraíochtaí leasa pobail a bhí ann cheana agus trí charthanais i gcomhar le líonra taidhleoireachta na hÉireann. In 2020, dáileadh €1.3 milliún ar eagraíochtaí chun beagnach 100 tionscadal a mhaoiniú chun dul i ngleic le riachtanais 'Éireannaigh an Domhain' a bhí práinneach.

Bhí freagairt eagraíochtaí phobail na hÉireann maidir le dúshláin COVID-19 thar barr. Chuaigh Éireannaigh an Domhain i ngleic leis na dúshláin ach comhoibrithe agus modhanna seachadta a bhí nuálach agus úrnua a fhorbairt go minic.

## Taidhleoireacht Dhigiteach

Nuair a bhí srianta na paindéime á gcur i bhfeidhm ar fud an domhain, d'athraigh príomhchúram na Roinne agus a líonra taidhleoireachta ó mhodhanna traidisiúnta de rannpháirtíocht leis an domhan mór chun dul i dtreo taidhleoireacht dhigiteach.

Bhí cainéil agus suíomhanna misin agus meáin shóisialta na Roinne mar ardáin riachtanacha chun dul i dteagmháil le saoránaigh Éireannacha agus le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha thar lear le linn chéimeanna luatha na paindéime. Agus an domhan á athrú de réir na srianta maidir le rannpháirtíocht phearsanta, d'athraigh an tAonad Cumarsáide agus an líonra taidhleoireachta a gcláir maidir le for-rochtain agus rannpháirtíocht go dtí an domhan digiteach. Bhí an-tóir ar cheol de bharr na bhfeachtas seo a leanas: #GezelligSessions (Ambasáid na hÉireann, An Háig), "From Isolation – Inspiration" (Ambasáid na hÉireann, Londain), #IrelandaInspira (Ambasáid na hÉireann, Bogotá) agus "Shades of Green" (Misin ar fud na SAM). Is cartlann thábhachtach é cainéal YouTube na Roinne (youtube.com/IrishForeignMinistry) de na feachtais seo agus go leor ráiteas beartais agus de ghníomhaíochtaí cultúrtha eile a roinneadh ar líne le linn na bliana.



*Gabhann Ard-Chonsalacht na hÉireann le misin taidhleoireachta ar fud an domhain i dtionscnamh #ShineYourLight i mí Aibreáin 2020, chun dlúthpháirtíocht a thaispeáint maidir le hoibrithe na líne tosaigh © RGE*



*Tá Nathan Carter san fhíseán mar chuid den tsraith chultúrtha, "From Isolation – Inspiration" a chruthaigh Ambasáid na hÉireann i Londain © Youtube.com/IrishForeignMinistry*




*Stadán de "A New Day Will Be", ag ceiliúradh Lá Bloom 2020 © RGE*

Bhí cur chuige den chineál céanna ag rannpháirtíocht phoiblí in Éirinn leis an Roinn ag ceiliúradh Lá na hEorpa, Lá na hAfraice, Lá Mórtais, Lá Bloom agus Oíche Shamhna ar na meáin shóisialta.

I gcomhoibriú nua, d'fhoghlaim páistí scoile faoi ghníomhaíochtaí Chúnamh Éireann i Siarra Leon ar chlárú Mhol Scoile nuálach RTÉ, agus ina dhiaidh sin, roinn Ambasadóirí ó gach cearn den domhan léargais maidir le cén chaoi a ndéantar an Nollaig a cheiliúradh ar fud an domhain ar Mhol Iarscoile.




*Labhraíonn Ambasadóir Síle Maguire agus Elf Brian ar thraidisiúnaí Nollag sa Spáinn le haghaidh Mhol Iarscoile RTÉ, an Nollaig 2020 © RGE*

Agus srianta taistil i bhfeidhm go fairsing nuair a bhí an Nollaig ag teannadh linn in 2020, sheol an tAire um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, Colm Brophy ardán nua chun diaspóra na hÉireann a cheangal le chéile le linn na Nollag. Sheol an t-ardán "Éireannach um Nollaig" réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ceol, scéalaíocht, píosa scannánaíochta ó chartlann, agus turas an-speisialta chun litreacha páistí a sheachadadh go Daidí na Nollag lenár nAmbasadóir chun na Fionlainne, Ruth Parkin.

Lean forbairt ireland.ie, ardán digiteach lárnach na Roinne le haghaidh rannpháirtíocht na hÉireann le lucht féachana idirnáisiúnta ar aghaidh ar feadh na bliana. Ba iad taispeántais faoi Áras na hÉireann Tóiceo agus stair na hÉireann maidir le síochánaíocht le trí scór bliain i measc na seóthaispeántas a cuireadh leis ar feadh na bliana.



*Seolann an tAire stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra Colm Brophy, T.D., an clár tionscnaimh "Éireannach um Nollaig" © RGE*




*Seoladh taispeántas ar na 60 bliain a chaith Éire ag plé leis an tsíochánaíocht ar ireland.ie i mí Bealtaine 2020 © RGE*

## Ag cur cinnteoirí tras-rialtais ar an eolas faoi fhreagraí idirnáisiúnta ar COVID-19

Ar nós go leor den státseirbhís, i mí Márta 2020, athríodh obair Aonad Pleanála Beartais na Roinne chun dul i ngleic leis na cúrsaí sláinte phoiblí a bhí ag teacht chun cinn.

Bhí páirt lárnach ag an Aonad chun Achoimre COVID-19 de mhisean tuarascála taobh istigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ar fud an chórais Rialtais níos leithne a bhailiú, a chur le chéile agus a scaipeadh go minic. Bhí tuarascáil ó líonra taidhleoireachta na hÉireann i ngach Achoimre faoi na forbairtí idirnáisiúnta ba dheireanaí, lena n-áirítear sonraí eipidéimeolaíocha faoi chásanna agus faoi bhásanna, bearta sláinte phoiblí ar nós dianghlasálacha agus in am trátha, forchéimniú clár vacsaínithe COVID-19 ar fud an domhain. In iomlán, sholáthair ár misin taidhleoireachta thar lear 4,968 Tuarascáil Cáis Tíre COVID-19 chuig an gCeanncheathrú in 2020, agus thairg Aonad Pleanála Beartais 74 Achoimre Réigiúnacha den mhéid sin.

Chomh maith leis na tuarascálacha rialta sin, d'fhreagair an tAonad Pleanáil Beartais na hiarratais phráinneacha ó Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí, ón Roinn Sláinte agus ó Ranna Rialtais eile chun seisiún eolais a sholáthar maidir le hábhair ar leith ar nós taisteal idirnáisiúnta, tástáil agus rianú agus vacsaínithe. Bhain na tuarascálacha leas as dea-chleachtas ó pháirtithe AE agus ón domhan mór chun eolas a dhéanamh do fhreagairt beartais na hÉireann. Chuir PPU beagnach 50 tuarascáil mhionsonraithe ar fáil in 2020 agus leanann an obair seo ar aghaidh go dtí 2021.




## COVID-19 agus an Dlí Idirnáisiúnta

Tharraing an phaindéim dhomhanda go leor ceisteanna aníos maidir leis an dlí idirnáisiúnta, i measc rudaí eile, cuireadh go leor moltaí chun cinn dá bharr sin chun conradh paindéime nua a réiteach faoi choimirce an WHO. Chuaigh Rialtais ar fud an domhain i ngleic leis an éigeandáil sláinte phoiblí ach réimse srianta a chur i bhfeidhm maidir le cearta agus saoirsí chun a saoránaigh a chosaint. Ghabh roinnt Stát le maolaithe de chonarthaí cearta daonna idirnáisiúnta, ach thug roinnt eile, Éire san áireamh, bearta isteach a dearadh a bheith taobh istigh de chreat na srianta a cheadaigh conarthaí ar nós Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Agus éigeandáil i réim, tá riail an dlí i bhfad níos tábhachtaí ná mar a bhíonn go hiondúil agus ní féidir srianta inghlactha ar chearta an duine a chur i bhfeidhm ar bhonn sláinte phoiblí a chosaint.

Lean taidhleoirí Éireannacha agus oifigigh eile thar lear ar aghaidh chun cabhair chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha, ar mhinic dóibh a bheith i gcásanna contúirteacha agus crua, le linn na paindéime. Chun an méid sin a dhéanamh go héifeachtach, ia gá na pribhléidí agus na díolúintí a thabhairt dóibh mar atá ceadaithe dóibh faoin dlí idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi chéanna, nuair a bhíonn rialacha á gcur i bhfeidhm anseo, thug an Rialtas meas do phribhléidí agus do dhíolúintí na dtaidhleoirí sannta d'Éirinn. Chomh maith leis sin d'oibríomar le cinntiú go raibh meas ag na srianta ar riachtanais an dlí idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh go dteastódh rannpháirtíocht duine le duine le ceannairí eachtrannacha, le hoifigigh agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

D'oibrigh an Roinn, sa bhaile agus ar fud líonra an Mhisin, i gcomhar le Ranna Rialtais eile, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le comhghleacaithe i dtíortha eile agus, an rud ba thábhachtaí, lenár Saoránaigh, chun a chinntiú go bhfuil sláinte agus leas na ndaoine, chomh maith lena gcearta, cosanta chomh maith agus ab fhéidir le linn na paindéime, le linn dó a bheith ag cosaint sláinte phoiblí, caidreamh idirnáisiúnta agus rialach an dlí.

## Ag Bainistiú na Freagartha

Bhí ról tábhachtach ag struchtúir rialachais agus próisis na Roinne le cur ar a cumas freagairt don phaindéim agus déileáil go héifeachtach le héigeandáil chonsalachta idirnáisiúnta, le linn tréimhse a bogadh an chuid ba mhó den fhoireann oibre go dtí a bheith ag obair ó bhaile ó mhí Márta 2020. Bhí Ard-Rúnaí Niall Burgess ina chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Roinne, agus stiúir sé an Roinn tríd an tréimhse sin agus chinntigh sé gur leanamar ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar ár gcuspóirí ar fud an domhain in ainneoin na ndúshlán a bhí ann de bharr COVID-19.

Le linn 2020, chas an Bord Bainistíochta le chéile 37 n-uaire chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ab fhearr chun cabhair chonsalachta agus comhairle a chur ar fáil do shaoránaigh na hÉireann, ar rannchuidiú na hÉireann le freagairt sláinte phoiblí ar COVID-19; agus, cén chaoi chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne sa bhaile agus thar lear le linn dhúshlán na paindéime.

Thug roinnt fochoistí tacaíocht don Bhord Bainistíochta, a raibh Leas-Ard-Rúnaí Brendan Rogers ina chathaoirleach orthu chomh maith le baill Bhoird Bhainistíochta eile, rud a d'ullmhaigh agus a chuir obair thábhachtach i gcrích maidir le deacrachtaí corparáideacha, forbairt agus comhleanúnachas beartais, forbairt agus comhionannas thar lear agus saincheisteanna comhionannais ar mhaithe le príomhchuspóirí na Roinne.

# Éire agus na Náisiúin Aontaithe – An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine

# Toghadh go dtí Comhairle Slándála na NA

Toghadh Éire go dtí Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar 17 Meitheamh 2020. Rinneadh míonna deiridh an fheachtais toghcháin ó chian, ach bhí siad bríomhar fós. Tugann an toradh deis d'Éirinn ár bprionsabail, ár luachanna agus neamhspleáchas a thabhairt chuig obair thábhachtach na Comhairle; is é sin síocháin idirnáisiúnta agus slándáil a choinneáil ar feadh téarma dhá bhliain, 2021-2022.

Tosaíodh ullmhúcháin le haghaidh théarma na Comhairle ar an bpointe i ndiaidh an vóta. D'aithin an Rialtas trí threoirphrionsabal le haghaidh ár dtéarma ar an gComhairle: ag neartú síochána, ag neartú cosc coimhlinte, agus ag cinntiú freagrachta. Faoi stiúir an Aire Gnóthaí Eachtracha, tosaíodh ullmhúcháin mhionsonraithe beartais taobh istigh den Roinn ag an gceanncheathrú, ag Buanmhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe in Nua Eabhrac agus ar fud líonra na hAmbasáide, chun a chur ar chumas na hÉireann a bheith rannpháirteach go héifeachtach ar fud caoga comhad tíre, réigiúnacha agus théamacha de chlár oibre na Comhairle taobh istigh dá cuid fochoistí éagsúla agus dá cuid grúpaí oibre.

Ag an 75ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta an AE, Thug an Taoiseach ráiteas náisiúnta na hÉireann a leag amach ár gcuspóir a bheith inár mball gníomhach agus rannpháirteach den Chomhairle Slándála. Seoladh an



*Caitheann Ionadaí Buan na hÉireann ar na Náisiúin Aontaithe, Geraldine Byrne Nason, vóta na hÉireann i dToghchán Chomhairle Slándála na NA, Meitheamh 2020 © RGE*

tSeachtain Ardleibhéil, ócáid thábhachtach inar chuir Éire le plé ar obair an AE agus ar dheacrachtaí idirnáisiúnta práinneacha - go fíorúil den chéad uair de bharr na paindéime leanúnaí. Ba iad cuid de na Príomhthéamaí; tionchar na paindéime agus an tábhacht athnuaite de chomhoibriú iltaobhach. Agus an AE ag ceiliúradh a 75ú bliain ar an bhfód, rinne Éire comóradh 65 bliain ar a ballraíocht sna NA agus muid ag tnúth le tús ár dtéarma Comhairle ar 1 Eanáir 2021.



**EMILY GHADIMI**
**Oifigeach Deisce | An tAonad um Dhí-armáil agus um Neamhleathadh Arm Ollscriosta**

**Oibrím mar Oifigeach Deisce san Aonad um Dhí-armáil agus um Neamhleathadh Arm Ollscriosta, ag díriú go príomha ar cheisteanna núicléacha. In 2020, bhí roinnt mhaith de mo chuid oibre tiomnaithe do dhaingniú na hÉireann de Chonradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha (TPNW). Bhí sé sin ina dheis shainiúil dom oibriú go díreach ar cheist shuntasach dhomhanda, agus bhí réimse leathan oibre ag baint leis, lena n-áirítear cumarsáid phoiblí a ullmhú, próisis bhaile le haghaidh daingnithe a chur i gcrích, agus nótaí don Aire ag díospóireacht na Dála a dhréachtú ar an TPNW.**

**Is beartas eachtrach aitheanta í dí-armáil Núicléach d'Éirinn, agus lean stáit a bhí ar aon tuairim linn ár seasamh ar an gcás go luadh inár ndiaidh chomh maith leis an tsochaí shibhialta. Cuireadh deireadh le daingniú na hÉireann ar 6 Lúnasa 2020, a bhí cothrom an lae a raibh an bhuamáil adamhach ann in Hiroshima 75 bliain roimhe sin, rud a d'fheidhmigh mar mheabhrúchán dáiríre ar an bhfáth a bhfuil díothú na n-arm núicléach ag teastáil go géar. Ba é daingniú an TPNW a thug deis iontach dúinn tábhacht na dí-armála núicléiche a chur trasna chuig lucht daoine níos leithne, in Éirinn chomh maith le thar lear.**

## An tAonad um Dhí-armáil agus um Neamhleathadh Arm Ollscriosta

Tá teist fhada láidir ag Éirinn i réimse na dí-armála núicléiche agus i neamhleathadh arm ollscriosta, ó dheireadh na 1950idí I mí Bealtaine 2020, sheol Éire imeacht fíorúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain ó tháinig an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach i bhfeidhm. Labhair Iar-Uachtarán Máire Mhic Róibín ag an imeacht, agus tharraing sí aird ar an bhfíric go dtaispeánann an phaindéim an gá le freagairt iltaobhach chun dul i ngleic leis na bagairtí arm núicléach.

Dhaingnigh Éire an Conradh ar Thoirmeasc ar Airm Núicléacha ar 6 Lúnasa 2020, cothrom an lae a raibh an bhuamáil adamhach ann in Hiroshima 75 bliain roimhe sin. B'éacht tábhachtach a bhí ann maidir le leanúint lenár síniú fadtéarmach beartais eachtraigh ar dhí-armáil núicléach.

Tá imní mhór ar Éireann faoi iarmhairtí daonnúla atá ag teacht chun cinn ó úsáid arm pléascach i gceantair a bhfuil cónaí iontu (ÚAPCD). In 2020, lean Éire ar aghaidh lena ceannaireacht de phróiseas chun aontú le hUaillmhian don Idirbheartaíocht ar ÚAPCD dírithe ar chomhlíonadh a fheabhsú maidir leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus díobháil shibhialtach a rinne ÚAPCD a mhaolú. Ba é Ambasadóir na hÉireann do na Stáit Aontaithe sa Ghinéiv a sheol comhairliúcháin i mí Feabhra 2020 a raibh 75 stát agus sochaí shibhialta leathan páirteach iontu. Chuir an phaindéim isteach ar an dul chun cinn ach d'fhan an móiminteam mar a bhí i gcónaí le comhairliúcháin scríofa, rannpháirtíocht dhéthaobhach agus seimineár gréasáin ardleibhéal agus bhí na daoine seo a leanas i láthair: an tAire Coveney, Ardionadaí na NA le haghaidh cúrsaí dí-armála agus Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.




*Cainteoirí ag imeacht fíorúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain ó tháinig an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach i bhfeidhm © RGE*



*An tAire Simon Coveney ag síniú Ionstraim Dhaingniú na hÉireann de Chonradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha (TPNW) © RGE*

# An tAonad um Réiteach Coinbhleachtaí

## Tuarascáil ar UNSCR 1325 a bheith ar an bhfód le 20bliain

I mí Mheán Fómhair 2020 bhí foilseachán ar an tuarascáil nua *'Cothú na Síochána ón mBun Aníos: Ag foghlaim ó Mhná a bhíonn ag Cothú na Síochána chun Clár MSS a chur chun cinn – Tuarascáil ar Chomhairliúcháin ar Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS), an tSíocháin a Choimeád agus COVID-19 le Mná Áitiúla a bhíonn ag Cothú na Síochána sa Cholóim, i dTuaisceart Éireann, san Afraic Theas agus in Uganda'.*




*Ag Cothú na Síochána ón Tuarascáil Grassroots © RGE*

Choimisiúnaigh Aonad um Réiteach Coinbhleachtaí na Roinne (CRU) an tuarascáil sin agus ba é Líonra Domhanda Tógálaithe Síochána na mBan a tháirg í, i gcomhar le Mná na NA, chun na 20 bliain a raibh Rún 1325 (2000) Comhairle Slándála na NA ar an bhfód a aithint nuair a d'aithin an pobal idirnáisiúnta an tionchar díréireach de choimhlint ar mhná agus ar chailíní. Is i Rún 1325, chomh maith le naoi rún ina dhiaidh, atá Clár na mBan, na Síochána agus na Slándála (MSS).

Seoladh an tuarascáil i mí Deireadh Fomhair 2020, agus ba í ba chúis le sraith comhairliúchán ar tugadh fúthu le mná a bhíonn i mbun an tsíocháin a chothú agus sochaí shibhialta ar fud na Colóime, Thuaisceart Éireann, na hAfraice Theas, agus Uganda. Leag an tuarascáil amach cuid de na dúshláin a bhíonn ag mná agus ag mná a bhíonn i mbun an tsíocháin a chothú, agus rud a chuir leis na dúshláin chéanna ba ea tionchar dochrach COVID-19. Trí rannpháirtíocht leis na mná céanna a bhíonn i mbun an tsíocháin a chothú agus a cuid moltaí, léiríonn an tuarascáil samplaí praiticiúla nithiúla atá bunaithe ar thaithí; samplaí faoi bhealach ar féidir dlús a chur le Clár Oibre MSS de réir na sé phríomhréimse a leag Ardionadaí na NA amach in 2019.

I moltaí na tuarascála, deirtear gur cheart do na NA, do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe forbartha idirnáisiúnta infheistiú i gcomhchruinniú Chlár Oibre MSS, agus nach bhfuil maoiniú maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre ná maidir le comhaontuithe síochána le hísliú nuair a thiocfaidh deireadh leis an bpaindéim, lena n-áirítear a sholáthar inscne ach go háirithe.

**CUAIRT CHIBEARSHLÁNDÁLA CHUIG CALIFORNIA**
**24-28 Feabhra 2020**

**Ba é Aonad um Beartas Slándála Idirnáisiúnta na Roinne, i gcomhar leis an Ionad Cibearshlándála Náisiúnta agus le hArd-Chonsalacht na hÉireann in San Francisco, a d'eagraigh cuairt ardleibhéil chuig Silicon Valley, ionad domhanda d'ardteicneolaíocht, nuálaíocht agus na meáin shóisialta. Lena n-áirítear sa toscaireacht bhí ionadaithe ó na Ranna Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta; Cumarsáide Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Fuinnimh; Cosanta; Gnóthaí Eachtracha; agus Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chomh maith leis sin bhí ionadaithe ón nGarda Síochána agus ó Óglaigh na hÉireann.**

**Ba é an cuairt an tríú leagan den tionscnamh ' Cibearshlándáil a Threisiú', a bhunaigh Ambasáid SAM i mBaile Átha Cliath in 2018 agus a thugann ceannairí cibearshlándála le chéile in Éirinn. Ba é fáth na cuairte, dul i dteagmháil le mórchleachtóirí agus le ceannairí beartais i gCalifornia, lena n-áirítear sa rialtas Stáit California, comhlachtaí móra teicneolaíochta san earnáil phríobháideach (McAfee agus Microsoft san áireamh) agus acadóirí móra suntasacha le cuspóir chun comhoibriú agus forbairt acmhainne a fheabhsú sa chibearshlándáil.**

**D'fhreastail Baill de Thoscaireacht na hÉireann a raibh Fiontraíocht Éireann agus ionadaithe Éireannacha ÚFT, ar an gComhdháil RSA, an Chomhdháil ba mhó a bhí ann riamh, rud a chuidigh cur le próifíl na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh ann agus infheistiú sa chibearshlándáil.**

## An tAonad um Beartas Slándála Idirnáisiúnta

### Earcaíocht Sibhialtacha CBSC

Cuireann Comhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh (CBSC) ar chumas an AE tabhairt faoi Shíochánaíocht agus faoi Mhisin a chuireann cosc ar Choinbhleacht. Chomh maith leis sin, cuireann sé ar a gcumas slándáil idirnáisiúnta a neartú de réir phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Is comhpháirt lárnach den obair seo í bainistíocht géarchéime sibhialta an AE. In 2020, bhí suas go dtí 21 shaineolaí imlonnaithe ag Éirinn go misin Shibhialtacha CBSC san Eoraip, i réigiún Chugais, san Afraic, agus sa Mheán-Oirthear. D'oibrigh na saineolaithe sin le comhpháirtithe chun tacú leo maidir le forbairt acmhainní a bhaineann le Riail an Dlí, póilíneacht agus riarachán sibhialta, rudaí atá riachtanach chun an tslándáil agus an chobhsaíocht a bhunú agus a choimeád. In ainneoin dhúshláin COVID-19, d'oibrigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) agus leis na misin shibhialtacha chun sábháilteacht ár saineolaithe maoinithe a chinntiú, chun éascaíocht a dhéanamh ar thaisteal agus prótacal a chur i dtoll a chéile le haghaidh socruithe maidir le haslonnú leighis. De réir mar a d'fhorbair an phaindéim, lean an Roinn ar aghaidh le hearcaíocht go dtí misin nuair ab fhéidir, chun tiomantas maidir le Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta CBSC Sibhialta na hÉireann a chur chun cinn. Chomh maith leis sin bhí Éire i gceannas ar phlé Bhallstáit an AE ar fheabhas a chur ar chonairí gairme le haghaidh earcaíocht Shibhialta CBSC, agus sheol sí roinnt ceardlann fíorúil ar an topaic sin – agus seoladh an chéad cheann i mí Dheireadh Fómhair 2020.

## Aonad Chearta an Duine

### Rannpháirtíocht na Comhairle um Chearta an Duine le linn 2020

Bhí Éire fíorghníomhach go fóill ag an gComhairle um Chearta an Duine i rith 2020, ag tabhairt 61 ráiteas náisiúnta uaithi agus ag comhthionscnamh os cionn 69 rún. Bhí Éire ar cheann de na tíortha a bhí i gceannas maidir le Comh-Phreasráiteas ar spás na sochaí sibhialta (Meitheamh) agus ar chás chearta an duine in Éimin (Meán Fómhair), rud a chinntigh athnuachan sainordaithe Ghrúpa Saineolaithe Suntasacha.

### Tuarascáil Thréimhsiúil na hÉireann maidir leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Geilleagracha, Sóisialta agus Cultúrtha

In 2020, bhí an Roinn chun tosaigh ar ullmhúchán de cheathrú tuarascáil thréimhsiúil na hÉireann maidir leis an gCúnant idirnáisiúnta ar Chearta Geilleagracha, Sóisialta agus Cultúrtha atá le cur isteach in 2021, agus rinne an Roinn comhordú leis an rialtas agus leis an tsochaí shibhialta.

### Plean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Chas Grúpa Cur Chun Feidhme an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine le chéile go hiomlánach ceithre huaire in 2020 agus bhí sé chruinniú ann de na trí fhoghrúpa san iomlán. Ba é measúnú neamhspleách ar Rochtain ar Leigheas in Éirinn, a coimisiúnaíodh mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta, a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2020.

# Ár nÁit san Eoraip a Threisiú




© RGE




*An tAire Simon Coveney ag fógairt sonraithe de 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht' feachtas eolais phoiblí © Julien Behal/ RGE*

## Ag freagairt don Bhreatimeacht

Ba thosaíocht go fóill don Rialtas é an Breatimeacht i gcaitheamh na bliana 2020. Thug an Roinn tacaíocht do rannpháirtíocht AE an Taoisigh, an Aire Gnóthaí Eachtracha agus an Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha maidir leis an mBreatimeacht. Choinnigh ár bhfoirne sa bhaile agus ar an gcoigríoch orthu ag tabhairt tacaíocht do chuspóirí Breatimeachta na hÉireann agus chun iad a chur chun cinn agus a mhíniú.

D'fhág an Ríocht Aontaithe an AE ar 31 Eanáir 2020 ar théarmaí leagtha amach sa Chomhaontú Aistarraingthe, lena n-áirítear an Prótacal ar Éirinn/ar Thuaisceart Éireann. Cosnaíonn an Prótacal an próiseas síochána ar oileán na hÉireann, seachnaíonn sé teorainn chrua agus cosnaíonn sé margadh aonair an AE agus ról na hÉireann ann. Chuir an Comhaontú Aistarraingthe tréimhse aistrithe san áireamh, ag críochnú ar 31 Nollaig 2020.

I mí Feabhra 2020, bhain Ballstáit an AE, Éire san áireamh, feidhm as an sainordú idirbheartaíochta le haghaidh na hidirbheartaíochta maidir leis an gcaidreamh idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe amach anseo. Cuireadh deireadh leis na hidirbheartaíochtaí sin ar 24 Nollaig, agus an Trádáil AE-RA agus an Comhaontú um Chomhpháirtíocht le cur i bhfeidhm ó thús 2021. Cuireann an Comhaontú táille agus trádáil earraí gan chuóta, nascacht iompair agus fuinnimh, agus comhoibriú idir seirbhísí póilíní ar fáil.  Cosnaíonn sé an Margadh Aonair, atá ríthábhachtach dár rathúnas sa todhchaí agus déanann sé cinnte go bhfuil an iomaíocht cothrom dár ngnólachtaí.

Ciallaíonn an Comhaontú Thrádáil AE-RA agus an Comhaontú Aistarraingthe, lena n-áirítear Prótacal ar Éirinn/ar Thuaisceart Éireann, gur baineadh amach príomhchuspóirí Breatimeachta na hÉireann sa tréimhse idirbheartaíochta.

Rinne an Roinn comhordú ar ullmhúcháin fhairsinge uile-Rialtais le haghaidh deireadh thréimhse aistrithe an Bhreatimeachta. I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh an Rialtas Plean Gníomhaíochta ullmhachta an Bhreatimeachta, a chuir le pleananna a bhí ann cheana, agus a leag amach na hullmhúcháin riachtanacha le haghaidh dheireadh thréimhse an Bhreatimeachta. Ba í an Roinn, i gcomhar le Roinn an Taoisigh, a rinne maoirseacht ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta.

In 2020, lean an feachtas 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht' ar aghaidh ag díriú ar fheasacht na saoránach agus na ngnólachtaí ar na hathruithe a thiocfaidh chun cinn ar 1 Eanáir 2021.  San áireamh leis an bhfeachtas cuimsitheach, bhí fógraíocht ar raidió agus teilifís náisiúnta, agus ba iad an tAire Gnóthaí Eachtracha, an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha chomh maith le hAirí eile a chuir for-rochtain páirtithe leasmhara fhairsing leis an bhfógraíocht sin.

Ba é an tAire Gnóthaí Eachtracha an Treoir-Aire don Acht Omnibus Breatimeachta 2020, a shínigh an tUachtarán Ó hUiginn isteach sa dlí i mí na Nollag. Tá an tAcht mar bhuntaca le bearta ullmhachta atá ag teastáil le haghaidh dheireadh thréimhse an Bhreatimeachta, agus tá sé dírithe ar chosaint a thabhairt dár saoránaigh agus tacaíocht a thabhairt don gheilleagar agus do phoist.

## Cuairteanna

Rinne oifigigh na Roinne éascaíocht ar chuairt ar Éirinn an tIonadaí Speisialta agus Comhordaitheoir chun dul i ngleic le Gáinneáil ar Dhaoine, Valiant Richey, ó mhí Feabhra 17-20, 2020.

Reáchtáil OSR Richey agus a fhoireann cruinnithe le hionadaithe d'eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta; Aonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann; Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta; Tascfhórsa Trasteorann; agus an Lárbhiúró Náisiúnta; agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. San áireamh ina chlár cuimsitheach bhí rannpháirtíochtaí le hionadaithe ó Oifig an Ombudsman do Leanaí, Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais, Comhairle Náisiúnta na mBan agus an Réadlann Náisiúnta ar Fhoréigean in Aghaidh na mBan agus áiseanna líne thosaigh an FSS.

Ar 26 Feabhra 2020, d'óstáil an Roinn cuairt ó thoscairí na Moldóive chun comóradh foirmeálta a dhéanamh ar an gcinneadh cinniúnach a rinne an Mholdóiv chun a chéad ambasáid a oscailt i mBaile Átha Cliath, faoi threoir Rúnaí Stáit d'Aire Gnóthaí Eachtracha agus Lánpháirtithe Eorpa na Moldóive, an tUas. Eugeniu Revenco. D'óstáil Ard-Rúnaí an Rannáin AE ag an am, Joe Hackett, comhairliúcháin pholaitiúla ag Teach Uíbh Eachach roimh an searmanas oscailte ag Ambasáid na Moldóive i mBaile Átha Cliath. D'óstáil Ambasadóir na Moldóive d'Éirinn, Larisa Miculet, an ócáid, agus thug Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha ag an am, Niall Burgess, na nótaí tosaigh.



*Páirtithe ag an gcruinniú idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Ionadaí Speisialta OSCE agus Comhordaitheoir chun dul i ngleic le Gáinneáil ar Dhaoine, Valiant Richey, © RGE*



Iar-Ard-Rúnaí an RGE Niall Burgess agus Oifigeach Stáit d'Aire Gnóthaí Eachtracha na Moldóive agus d'Lánpháirtiú na hEorpa Eugeniu Revenco le linn a chuairte ar Éirinn chun comóradh a dhéanamh ar an oscailt Oifigiúil den chéad Ambasáid de chuid na Moldóive d'Éirinn © RGE




Labhair an tAire Gnóthaí Eorpacha, Thomas Byrne, T.D. ar Kilkenny/ Carlow Local Radio mar chuid den Tionscnamh Cumarsáide faoin Aontas Eorpach © RGE

## Cumarsáid faoin Aontas Eorpach

Is clár deontais é an Tionscnamh Cumarsáide faoin Aontas Eorpach atá faoi bhainistiú an Rannáin AE chun feasacht faoin Aontas Eorpach a ardú agus chun caighdeán an eolais phoiblí maidir le saincheisteanna Eorpacha a fheabhsú, agus rochtain ar an eolas sin a éascú. In 2020, dáileadh maoiniú chuig 20 tionscnamh san iomlán.

Rinne na páirtithe a roghnaíodh ionadaíocht ar réimse leathan grúpaí pobalbhunaithe, eagraíochtaí óige, comhlachtaí oideachais agus na meáin áitiúla ó áiteanna éagsúla sa tír. Chlúdaigh na tionscadail spriocphobail agus téamaí éagsúla a bhaineann leis an gcaidreamh idir Éirinn agus an AE.

Ba bhuaicphointe den CEI 2020 é táirgeadh dhá shraith raidió áitiúla le Radio Kerry agus le Kilkenny/ Carlow Local Radio (KCLR) a chraol díospóireachtaí seachtainiúla a raibh tóir orthu a raibh baint acu le tionchar claochlaitheach an AE ar ghnéithe éagsúla de shaol na hÉireann. Ghlac an tAire Coveney agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Thomas Byrne T.D. páirt sna sraitheanna seo.

Ba iad cuid de na tionscadail eile; táirgeadh na bpodchraoltaí (lena n-áirítear podchraoladh David McWilliams) ar thionchar an AE ar Éirinn chomh maith le himeachtaí ullmhachta Breatimeachta, Cúrsa Ollmhór ar Líne ar an AE trí Ghéarchéim agus Téarnamh, agus tionscnaimh ar Gníomhú an AE ar son na hAeráide. Nuair a bhí roinnt cur isteach ann de bharr COVID-19, bogadh na tionscadail ar líne, rud a chur ar chumas na dtionscadal dul chomh fada le pobail níos leithne ná mar a chuaigh sna blianta roimhe sin.

Is féidir tuarascálacha a fháil ar thionscadail CEI 2020 ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.dfa.ie.

# Tionscadal um Chumarsáid agus For-rochtain maidir le Todhchaí na hÉireann san Eoraip – Gluaiseacht na hEorpa

Tháinig deireadh leis an tionscadal trí bliana *Tionscadal um Chumarsáid agus For-rochtain maidir le Todhchaí na hÉireann san Eoraip* i mí na Nollag 2020. Bhí an clár faoi bhainistiú Gluaiseacht na hEorpa (EMI) ar son na Roinne, agus dhírigh an clár ar fhor-rochtain phoiblí ar cheisteanna na hEorpa, is é sin réimse a bhfuil go leor taithí ag an EMI ann.

Trí shraith de Chomhphlé Saoránach, táirgeadh podchraolta agus líonra meantóireachta alumni, bhí sé d'aidhm ag an gclár plé poiblí a chur chun cinn chomh maith le bheith suimiúil do shaoránaigh agus do réimsí éagsúla trí ardáin éagsúla meán, na meáin shóisialta go háirithe. Chuaigh an clár i bhfeidhm ar réimse leathan líonraí sa bhaile agus ar fud an AE freisin. Ar feadh 2020 ar fad, cruthaíodh 15 phodchraoladh Thodhchaí na hEorpa le príomhpháirtithe leasmhara an AE, saoránaigh agus taidhleoirí. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin an EMI.

Leanfaidh an EMI ar aghaidh leis an obair seo trí chlár trí bliana atá comhaontaithe leis an Roinn le haghaidh 2021-2023. I gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, tá trí phríomhghné d'obair sa chlár nua: (i) seimineáir rannpháirtíochta saoránach réigiúnach a reáchtáil a bhfuil baint acu leis an gComhdháil, (ii) 'díolaim' idirghníomhach dhigiteach a fhorbairt ar chaidreamh na hÉireann leis an AE; agus (iii) daoine óga agus an spás digiteach.




© IIEA

# Todhchaí de chlár EU27 – Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Tháinig deireadh leis an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha 'Todhchaí an AE27' i mí an Mheithimh 2020, tar éis trí bliana. Tríd an tionscadal, d'fhoilsigh IIEA taighde agus anailís leathan chun cur leis an díospóireacht phoiblí ar thodhchaí na hEorpa. San áireamh le príomhthéamaí an tionscadail bhí: an cruth a bheidh ar an AE amach anseo; éifeachtaí maicreacnamaíocha na Bhreatimeachta, impleachtaí institiúide AE ar aistarraingt na Breataine ón AE, chomh maith le comhaontais straitéiseacha a theastóidh ó Éirinn chun dul chun cinn a dhéanamh taobh istigh den AE i ndiaidh an Bhreatimeachta. I dteannta leis sin, d'eagraigh an IIEA roinnt imeachtaí taidhleoireachta poiblí agus beartais, ar líne agus beo, thar thréimhse thionscadail trí bliana.

I ndiaidh rath chlár Thodhchaí AE27, ó mhí Mheán Fómhair 2020, tá maoiniú á thabhairt ag an Roinn do chlár Eorpa Domhanda trí bliana leis an IIEA. Sa chlár céanna tá; taighde, imeachtaí, agus rannpháirtíocht phoiblí ar cheisteanna lena n-áirítear cearta LGBTQI+ san Eoraip, imirce, chomh maith le ról na hÉireann i gComhairle Slándála na NA.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Eoraip Dhomhanda ar fáil ar shuíomh gréasáin IIEA.



*An tAire Byrne ag glacadh páirt i bhfíschomhdháil d'Airí Gnóthaí Eorpacha, 23 Feabhra 2021 © RGE*




*D'eagraigh an IIEA réimse leathan imeachtaí faoi chláir "Future of the EU27" agus "Global Europe", ar thug an RGE tacaíocht dóibh © IIEA*

# Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn

# Institiúidí

Ar 9 Eanáir 2020, i ndiaidh roinnt céimeanna de dhíospóireachtaí ilpháirtí lena n-áirítear próiseas cainteanna diana críochnaitheacha roimh an Nollaig agus ina diaidh, ba iad an tAire Gnóthaí Eachtracha Simon Coveney, T.D., agus ansin Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, Julian Smith, a d'fhoilsigh comhaontú beartaithe - *Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua* - mar bhunús d'athbhunú de na hinstitiúidí agus atosú comhroinnte cumhachta i dTuaisceart Éireann.

Ba é an cur chuige a chuir an dá Rialtas i láthair do na páirtithe agus a d'fhoilsigh ar an lá céanna a leag amach na tosaíochtaí don Fheidhmeannas nua ar shláinte, ar oideachas, ar bhonneagar agus ar leas. D'aontaigh sé bearta le haghaidh rialtas níos trédhearcaí agus níos freagraí i dTuaisceart Éireann agus pacáiste athchóirithe ar Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha san áireamh ann. D'aontaigh sé na hinstitiúidí comhroinnte cumhachta a dhéanamh níos seasmhaí, chomh maith le reachtaíocht a aontú ar theanga agus ar fhéiniúlacht, lena n-áirítear ar an nGaeilge, an teanga, na healaíona agus litríocht a bhaineann le traidisiún na hUltaise/na nUltach Briotánach, agus Oifig Féiniúlachta agus Léiriú Cultúrtha nua.

Ba iad Rialtas na hÉireann agus na Breataine, a d'fhógair sraith de ghealltanais airgeadais agus de ghealltanais eile ag an am céanna ar mhaithe le hatosú na n-institiúidí comhroinnte cumhachta ag Stormont agus an CATT (Comhairle Aireachta Thuaidh Theas). Is iarscríbhinní iad na gealltanais sin a ghabhann leis an gcomhaontú beartaithe, ach ní cuid den chomhaontú iad.

Ar 11 Eanáir, tar éis don chúig phríomhpháirtí glacadh leis an gcomhaontú beartaithe, tháinig an Tionól Thuaisceart Éireann le chéile arís, agus bunaíodh Feidhmeannas comhroinnte cumhachta nua, a raibh Airí ann ó na cúig pháirtí chéanna. Ceapadh Ceannaire an DUP Arlene Foster mar Chéad-Aire, agus ceapadh Michelle O'Neill atá mar chuid de Shinn Féin mar leas-Chéad-Aire.

Ba é bunú an Fheidhmeannais a chuir deireadh le tréimhse trí bliana gan institiúidí comhroinnte cumhachta i dTuaisceart Éireann. D'fhág bunú an Fheidhmeannais go bhféadfaí obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas a atosú, agus bhí seisiún iomlánach ar siúl ar 31 Iúil 2020, chun comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt ar bhunús uile-oileáin.

Le linn 2020, choinnigh an Roinn i ndlúth-theagmháil le páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear ar chomhoibriú COVID-19, ceisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht, cur chun feidhme 'Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua', agus ceisteanna a bhaineann le hoidhreacht na coimhlinte i dTuaisceart Éireann.




*Fógraíonn an tAire Coveney agus Iar-Ard-Rúnaí do Thuaisceart Éireann Julian Smith foilseachán de 'Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua © Íomhánna PA / Grianghraf Alamy Stock*

## Tionscnamh um Oileán Roinnte

Is príomhghné agus tosaíocht de Chlár an Rialtais é an Tionscnamh um Oileán Roinnte, a bhfuil sé d'aidhm aige a bheith ag obair 'leis na pobail agus na traidisiúin ar fad ar an oileán chun comhdhearcadh a thógáil thart ar thodhchaí roinnte … a bhfuil Comhaontú Aoine an Chéasta agus an meas iomlán do phrionsabal an toilithe mar thaca'. Bhí an chéad Chomhrá maidir le hOileán Roinnte ar siúl - "Glúnta Nua agus Guthanna nua ar Chomhaontú Aoine an Chéasta" - ar siúl ar 26 Samhain 2020. Ghlac os cionn 80 daoine óga páirt san imeacht, as grúpaí sibhialta, scoláire, spóirt, creidimh, agus grúpaí rannpháirtíochta óige ar fud oileán na hÉireann, ag déanamh ionadaíocht ar 1.3 milliún daoine óga a rugadh ar an oileán ó 1998.

## Ciste Athmhuintearais Thuaisceart Éireann

Bhí dúshláin roimh na heagraíochtaí ar thug Ciste Athmhuintearais na Roinne tacaíocht dóibh nach raibh aon choinne leo agus iad ag dul tríd an bpaindéim, lena n-acmhainn chun tionscnaimh mhaoinithe a sheachadadh – agus i roinnt cásanna, ba dhúshlán é a bheith ag feidhmiú go fóill - de bharr go raibh tionchar chomh mór sin ag na srianta sláinte phoiblí orthu a bhí ag teastáil chun COVID-19 a choinneáil faoi smacht. Bhí an Roinn rannpháirteach lena comhpháirtithe maoinithe le linn na bliana, ag glacadh cuir chuige sholúbtha thacúla agus réadúla, ag aithint nár mhór go leor de na tionscadail athmhuintearais a chur in oiriúint don 'saol nua' agus a sheachadadh ar bhealach difriúil, agus thógfadh tionscadail eile níos mó ama a chur i gcrích. Lenár dtacaíocht, d'athraigh agus d'fhreagair roinnt eagraíochtaí de réir riachtanais a bpobal áitiúil ar bhealach an-phraiticiúil, ach tacaíocht ar líne a chur ar fáil chomh maith le bearta bia agus bearta leas pearsanta.

In ainneoin na ndúshlán, bhí an Ciste Athmhuintearais in ann a bhabhtaí maoinithe bliantúla earraigh agus fómhair a sheachadadh ina n-iomláine, le 146 dheontas ar luach €3.7m san iomlán arna íocadh do 121 eagraíocht mar thaca le síocháin agus le hathmhuintearas.

Roimh thús na paindéime, thug foireann an Chiste Athmhuintearais faoi fhor-rochtain thábhachtach trí sheisiún eolais agus rannpháirtíochta a óstáil, a ndeachaigh daoine go leor chucu, ar an gCiste Athmhuintearais i mBéal Feirste agus Doire i mí Feabhra 2020.

I bhfómhar 2020, chuir an fhoireann sraith thábhachtach de chomhairliúcháin ar líne le heagraíochtaí maoinithe agus le príomhpháirtithe leasmhara ar fhorbairt de straitéis nuashonraithe le haghaidh an Chiste Athmhuintearais, a bhí chun teacht i bhfeidhm in 2021 leis an tréimhse 2021—2024 a chlúdach.

# Éire Dhomhanda a Fhorbairt



*Casann Cinn Foirne na Misean le chéile ag Teach Uíbh Eachach, Eanáir 2020 © RGE*

## Comhdhála Chinn Foirne na Misean 2020

Bíonn Rannpháirtíocht Ardleibhéil ar siúl idir Chinn Foirne na Misean agus ardbhainistíocht go bliantúil chun na príomhthosaíochtaí beartais don bhliain amach rompu a chur chun feidhme.

In Eanáir 2020, chruinnigh Ambasadóirí na hÉireann, Buanionadaithe agus Ard-Chonsail ó níos mó ná 90 misean le chéile le príomhpháirtithe sa tseirbhís phoiblí, an pobal gnó, an Cór Taidhleoireachta agus ionadaithe an diaspóra, cultúir agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun scrúdú a dhéanamh ar na hathruithe is mó ar an tírdhreach geopholaitiúil agus plé a dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na Roinne le haghaidh 2020.

I mí Mheán Fómhair 2020, bhí cruinniú speisialta de Chinn Foirne na Misean ó 90 láthair ar fud an domhain ar siúl i suíomh 'fíorúil' chun plé a dhéanamh ar na dúshláin ba mhó agus ar na deiseanna a bheadh ag Éirinn sa bhliain a bhí rompu; chun a fháil amach faoi ghné Éire Dhomhanda de Chlár nua an Rialtais agus an chaoi a n-oibreoidh an fhoireann níos leithne chun uaillmhian an chláir a bhaint amach agus cúnamh a thabhairt do théarnamh na hÉireann ó phaindéim COVID-19.

Mheall an t-imeacht nuálach seo rannchuiditheoirí ar nós Ard-Rúnaí an NA Antonio Guterres, Iar-Ambasadóir na SAM do na NA Samantha Power, Dr Mike Ryan ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Iar-Uachtarán na hÉireann Mary Robinson, agus údar a ainmníodh le haghaidh an Booker Prize, Colum McCann. Ó tharla gur reáchtáladh an Chomhdháil go fíorúil, bhí an pobal in ann freastal ar an imeacht ar líne.



*I mí Eanáir 2020, thug Cinn Foirne na Misean, chomh maith le coimeádaí síochána cuairt ar 80 scoil ar fud na tíre mar chuid de thionscadal scoile Éire Dhomhanda © RGE*



*I mí Mheán Fómhair 2020 bhí an chéad chomhdháil 'fhíorúil' de Chinn Foirne na Misean ar siúl, a sruthaíodh agus a craoladh beo ar RTÉ News Now © RGE*




*Le linn 2020 lean Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann i gcomhar le Foireann na hÉireann ar aghaidh le pleanáil le haghaidh rannpháirtíocht na hÉireann in Expo 2020 Dubai. Agus Expo curtha ar athló de bharr COVID-19, reáchtálfar é ó Dheireadh Fómhair 2021 go dtí Márta 2022 © RGE*

## Expo 2020 Dubai

Ó seoladh Éire Dhomhanda, bhí an Roinn i gceannas ar phleanáil do rannpháirtíocht na hÉireann ag Expo 2020 in Dubai, a cuireadh ar athló go dtí Meán Fómhair 2021 de bharr na paindéime.

Ba bhliain dhúshlánach í 2020 maidir le pleanáil, ach mar sin féin cuireadh Pailliún na hÉireann i gcrích ag deireadh na bliana 2020. Taispeánfaidh Expo an tír do lucht domhanda i saol i ndiaidhCovid agus i réigiún a bhfuil poitéinseal sonrach ann chun naisc thrádála a fhorbairt níos mó chomh maith le naisc infheistíochta, oideachais, agus turasóireachta. Beidh 192 thír ag glacadh páirt, agus táthar ag súil go mbeidh sé ar an gcéad imeacht mórscála dá chuid in 2021.

Tá rannpháirtíocht na hÉireann bunaithe ar an téama *Oileán na hInspioráide – ag cur cruthaitheachta i lár thaithí an duine sa 21ú haois.* Tríd ár gclár, taispeánfaimid an chaoi a gcuireann cruthaitheacht ceangal an duine agus an pobal chun cinn, ar scála domhanda chomh maith le scála áitiúil. Díreofar ar an ngeilleagar a neartú, chomh maith le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht sláinte. Beidh tionscnaimh agus imeachtaí i gceist le clár na hÉireann taobh istigh agus amuigh dár bPailliún, lena n-áirítear rannpháirtíocht láidir laistigh de sheachtainí téamacha Expo.

## Ag leathnú lorg na hÉireann thar lear

Cé gur cuireadh oscailtí misean a bhí le dul ar aghaidh in 2020 ar athló go dtí 2021 de bharr COVID-19, lean an fhoireann tionscnaimh ar aghaidh ag obair ar oscailt na seansaireachtaí buana dár nAmbasáidí nua in Santiago, Bogotá agus Wellington agus na Consalachtaí nua in Vancouver agus in Mumbai. Ba é tionchar COVID-19 agus na srianta a bhain leis a d'fhág go raibh sé thar a bheith dúshlánach tógáil agus oiriúint a chur i gcrích sna láithreacha sin agus ba iad an fhoireann atá bunaithe sa cheanncheathrú agus ailtire tiomanta a rinne dlúthchomhordú air go paiteanta ó thaobh istigh d'Ionad Bainistíochta Maoine na Roinne.

Ó bunaíodh na misin sin, d'oibrigh siad i dtreo chur chun cinn leas na hÉireann agus spriocanna ardleibhéil na Roinne, ag díriú ar réimsí rannpháirtíochta déthaobhacha, trádála agus cuir chun cinn luachanna na hÉireann, lena n-áirítear tacú lenár bhfeachtas le haghaidh Chomhairle Slándála na NA. Chomh maith le bheith rannpháirteach le pobal na hÉireann agus le diaspóra, thug gach ceann de na misin sin cabhair mhór do fhreagairt chonsalachta COVID-19, ag tacú le saoránaigh na hÉireann sa tír agus agus ina dtíortha eile a bhfuil siad creidiúnaithe dóibh don dara huair, chomh maith le cúnamh a thabhairt maidir le haisdúichiú shaoránaigh na hÉireann.




*Limistéar Fáiltithe, Ard-Chonsalacht na hÉireann, Vancouver, Ceanada © MGBA Ailtirí*




*Ambasáid na hÉireann, Wellington, an Nua-Shéalainn © DGSE Wellington*

## BORD MAOIRSEACHTA AN CHLÁIR I NGNÍOMH

**Tionscadal Seansaireachta Abuja**

Lean Bord Maoirseachta an Chláir ar aghaidh ag casadh le chéile in 2020, ag déanamh maoirseacht ar sheachadadh 25 thionscadal straitéiseacha ardleibhéil taobh istigh de RGE. Lena n-áirítear sna tionscadail bhí forchéimniú na dTeagmhálacha RGE agus córas bainistíochta na n-imeachtaí; Tionscadal bainistíochta na nDeontas; Tionscadal cumasaithe Ambasáid Londan; EXPO 2020 Dubai; Áras na hÉireann i dTóiceo; Clár na Misean Nua agus Tionscadal Seansaireachta Abuja.

Rinneadh measúnú ar fhoirgneamh Ambasáide in Abuja, fuarthas amach nach bhfuil sé sách maith agus moladh gur cheart go bhforbrófaí foirgneamh nua atá oiriúnaí dá fheidhm, sábháilte agus atá i limistéar sábháilte agus slán chun éascaíocht níos fearr a dhéanamh ar chur chun cinn na hÉireann agus ar chosaint a ball foirne.

Roimhe seo, fuair an Roinn suíomh le haghaidh thógáil an fhoirgnimh seansaireachta nua i gcompún misin AE in Abuja. I dteannta leis sin, thug an rialtas áitiúil in Abuja talamh don stát le haghaidh tógáil spáis ionadaíochta oifigiúla poiblíochta atá oiriúnaí dá feidhm, sábháilte agus slán, agus le haghaidh an lóistín oifigiúil. Chuaigh obair ar Sheansaireacht agus Áras nua in Abuja ar aghaidh, agus cuireadh an chéim réamhdheartha i gcrích in 2020.

# 165

**ionad réadmhaoine**
ar fud na cruinne



**86** Sheansaireacht

**73** Áras Cónaithe Oifigiúil

**6** Champún



## Éire Dhomhanda: An líonra Taidhleoireachta á mhéadú, 2018-2020

Osclaíodh faoi dheireadh 2020
**10** Misean Nua

Sprioc faoi dheireadh 2025
**26** Mhisean Nua





**EIMEAR NOLAN**
**Ar Iasacht | Aonad an Rialachais Straitéise & Aistrithe**

**Chuaigh mé le Gnóthaí Eachtracha i dtosach báire ar iasacht mar Oifigeach Údarúcháin ón Roinn Airgeadais in 2019 chun cúnamh lena soláthar Córas uile-Roinne um Theagmháil agus Bainistiú Imeachtaí (CEMS). Sraith ríthábhachtach is ea an córas seo d'ár dtaidhleoireacht dhigiteach agus d'ár n-uchtú uile-mhisean, agus tá úsáid CEMS ríthábhachtach i gcomhair chur chun feidhme Éire Dhomhanda. Is éard a chiallaíonn sé freisin ná gur féidir linn, mar Roinn, ceann d'ár n-acmhainní is fearr a úsáid ina hiomláine: sin í ár dteagmhálaithe agus ár líonraithe a bhfuil tionchar acu. Mar aon le gach duine, bhí tionchar ollmhór ag COVID-19 ar a chur i bhfeidhm, rud a chiallaigh go raibh orainn a bheith sofhreagrúil agus slite eile a phleanáil chun na bealaí éagsúla nach mbeadh ár bpleananna tosaigh indéanta a chur san áireamh, ó oiliúint go hascnamh sonraí go hobair athfhorbartha. In ainneoin seo ar fad, cuireadh CEMS i bhfeidhm go rathúil chuig gach Misean agus chuig gach Ceanncheathrú Aonad Gnó, agus tá sé ag céim oibríochta anois.**

# Sraith Beartais um Oileán Domhanda

Cuireann an tAonad Pleanáil Beartais le réiteach beartais straitéiseacha ach anailís réamhbhreathnaitheach ar threochtaí fadtéarmacha agus ag cur tionscnaimh beartais nuálacha i gcrích.

Is tionscnamh suaitheanta é Sraith Beartais um Oileán Domhanda den Aonad Pleanáil Beartais. Tá sé mar aidhm ag na léachtaí feabhas a chur ar thuiscint na Roinne ar cheisteanna beartais i measc comhghleacaithe ag an gceanncheathrú, agus thar lear. Mar thoradh ar COVID, bhog an tSraith Beartais um Oileán Domhanda ar líne in 2020.

Bhí 12 imeacht ar an láthair agus 10 n-imeacht ar líne ann, ar an iomlán. I measc na dtopaicí a pléadh, bhí ballraíocht Éireann i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tionchar eacnamaíoch agus sóisialta COVID,




*Féachann Dan O'Brien amach chuig 2021 – le Dan O'Brien, Ard-Eacnamaí na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha agus Brendan Rogers, an Leas-Ard-Rúnaí © RGE*

Slándáil Sonraí, agus ceisteanna polaitíochta agus eacnamaíocha domhanda eile. Clúdaigh an raon tíreolaíochta líonra iomlán DFA, mórchríoch Mheiriceá, an Eoraip, Afraic, agus réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise ina measc.

Líonrú le haonaid phleanáil beartais eile, lenár bpáirtnéirí AE go háirithe is ea crann taca eile d'obair an Aonaid Phleanáil Beartais. In 2020, ghlac an tAonad Pleanáil Beartais páirt i seacht gcruinniú i leith pleanáil beartas ar leibhéal Eorpach a d'eagraigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, inar pléadh na topaicí seo a leanas: Uathriail straitéiseach, Caidreamh Trasatlantach, Síocháin agus Slándáil na mBan, Teicneolaíocht agus Beartas Eachtrach, agus Rialachas Straitéiseach.

Chuir an tAonad Pleanáil Beartais roinnt tionscadal i gcrích faoi thopaicí ar nós pobail Éireannacha agus ár ndiaspóra thar lear a mhapáil in áiteanna cosúil le British Columbia agus an Nua-Shéalainn, agus an tslí inár féidir linn naisc a fhorbairt le parlaiminteoirí thar lear. Mar thoradh air sin, tá ábhair thraenála i leith mapáil phobail agus rannpháirtíocht pharlaiminteach ar fáil i gcomhair gach ceann dár misin. Thacaigh an tAonad le forbairt acmhainne i ndáil le hanailísiú sonraí laistigh den Roinn agus leis an aistriú go himeachtaí ar líne mar thoradh ar COVID.



*Toghcháin na Stát Aontaithe – Anailís agus Réamhaisnéis – le hAmbasadóir Dan Mulhall, Robert Schmuhl, Ollscoil Notre Dame, agus Michael Brendan Dougherty National Review Magazine © RGE*



# Ag obair ar son Domhan Níos Fearr




*Chas an tAire Stáit um Chúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, Colm Brophy, T.D., go fíorúil le Achim Steiner, Riarthóir Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Samhain 2020 © Twitter.com/Irish_Aid*

## Cúnamh Éireann

In 2020, d'infheistigh an rialtas níos mó ná €867 milliún i gclár chúnamh thar lear na hÉireann. Ba í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a bhainistigh formhór an mhaoinithe (€545 milliún). Roinneadh an €322 milliún a bhí fágtha ag ranna rialtais eile, go príomha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; ag an Roinn Airgeadais; agus ag ranníocaíocht na hÉireann sa Bhuiséad maidir le Comhar um Fhorbairt an Aontais Eorpaigh.

Cuireann Éire cúnamh neamhcheangailte ar fáil chun tacú leis na pobail atá i bpriacal agus cuidíonn sí le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Oibríonn muid i ndlúthchomhar le comhpháirtithe áirithe, lena n-áirítear rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, chun feabhsuithe marthanacha a chinntiú i saol na bpobal atá ag maireachtáil i mbochtanas.

I mí Bealtaine 2020, d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) athbhreithniú ar chlár maidir le chomhar um fhorbairt na hÉireann. Dheimhnigh sé go bhfuil Éire fós ina deontóir den chéad scoth, ag tarraingt aird ar an mbéim a chuirtear ar chúnamh a sholáthar sna háiteanna is mó gá; ár dtiomantas i dtreo an iltaobhachais agus na forbartha inbhuanaithe; agus ár n-abhcóideacht sheanbhunaithe chun bochtanas a laghdú.

Ba é seo tátal an mheasúnaithe: *'Aithnítear Éire go forleathan mar pháirtnéir sármhaith, a chuireann maoiniú d'ardchaighdeán ar fáil, a thacaíonn lena n-infheistithe agus ionadaíocht acu ar chomhlachtaí an-thábhachtach ar nós coistí agus grúpaí um thacú deontóirí, áit a mbaineann Éire úsáid as a tionchar chun éifeachtúlacht agus comhleanúnachas a fheabhsú.*

Chuir an tAire um Ghnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, T.D, fáilte roimh fhoilsiú an phiarmheasúnaithe ón OECD agus dúirt *'léiríonn sé gur páirtnéir forbartha láidir í Éirinn, le neart réimsí barr feabhais, agus is féidir léi deontóirí eile a spreagadh.'*

In 2020, rangaigh an Overseas Development Institute (ODI), príomhmheitheal mhachnaimh dhomhanda, Éire sa chéad áit mar dheontóir a sholáthraíonn cúnamh prionsabálta ar an Innéacs Cúnamh Prionsabálta 2020, an dara bliain i ndiaidh a céile inár rangaíodh Éirinn ar bharr an Innéacs

## Ag tabhairt aghaidh ar COVID-19

Le teacht COVID-19, bhí gach tír in umar na haimléise, na daoine ba leochailí go háirithe. Ní hamháin gur ghéarchéim shláinte ab ea COVID-19, ach géarchéim forbartha freisin.

Chuir COVID-19 réimsí leathan an gheilleagair ina staic, agus cailleadh níos mó ná USD $500 billiún mar gheall ar tháirgeacht agus aschur caillte. Chruthaigh an phaindéim géarchéim oideachais dhomhanda, lenar cuireadh bac ar 150 milliún cailín as an scoil go buan. Chuir sé comhionannas inscne na cianta ar gcúl, chuir sé as do chórais bhia, agus chruthaigh sé géarchéim fiacha.

Ba léir go raibh ar Éirinn freagraí sofhreagrúla a thabhairt, agus dul i ngleic leis na géarchéimeanna sláinte agus forbartha ag an am céanna. Le linn 2020, leithdháil Éire thart ar €150 milliún ar fud an domhain chuig an bhfreagairt COVID-19. Chuaigh thart ar €55 milliún den airgead seo chuig páirtnéirí seanbhunaithe dílse - na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus tíortha comhpháirtíochta, - chun freagairt dhíreach a thabhairt ar COVID-19.

Thugamar tús áite do €93 milliún a seoladh chuig páirtnéirí chun iarmhairtí socheacnamaíocha na paindéime a laghdú. Bhí Éire bródúil freisin as cur le freagairt dhomhanda an Aontais Eorpaigh ar COVID-19, a d'úsáid níos mó ná €38 billiún faoi dheireadh 2020.

Dá réir sin, díríodh ár bhfreagraí ba luaithe ar chúnamh daonnúil a chur ar fáil, tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe sláinte; aghaidh a thabhairt ar shlándáil agus ar chothú bia; féachaint ar chosaint shóisialta agus ar théarnamh geilleagrach; agus, iad siúd ar chuir dianghlasáil lena leochaileacht a chosaint, lena n-áirítear mná atá i mbaol foréigin teaghlaigh.

Chuidigh ár gcláir dhéthaobhacha le hAireachtaí Sláinte cumas borrtha a chruthú, TCP a fháil, prótacail rialaithe ionfhabhtaithe a chur i bhfeidhm, agus saoráidí ICU a bhunú. I ngach tír, cuireadh ár bhfreagraí in oiriúint do na riachtanais shonracha ag an am. Mar shampla:

- I Mósaimbíc, ath-leithdháileadh thart ar €1.5m de thacaíocht na hÉireann don earnáil sláinte chun TCP riachtanach a cheannach d'oibrithe túslíne.
- I Siarra Leon, cuireadh €750,000 ar fáil don Chlár Domhanda Bia (WFP) le haghaidh cúnamh bia in ionaid chóireála COVID-19 agus dáileadh bia do theaghlaigh leochaileacha.
- Sa Mhaláiv, cuireadh €480,000 ar fáil don Aireacht Inscne le haghaidh aistrithe airgid éigeandála COVID-19.
- I Uganda, cuireadh €1.8m ar fáil don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun tacú leis an gcóras sláinte agus chun trealamh tástála a fháil.

D'oibríomar i ndlúthchomhar lenár bpáirtnéirí. Bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha a thacaigh le hachomharc EDS ar mhaoiniú chun cabhrú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim. Mhéadaigh Éire a maoiniú faoi cheathair chuig an EDS agus mhéadaigh sí a gealltanais don Chomhaontas Domhanda Vacsaín (Gavi) go suntasach freisin, chun tacú leis an iarracht chun vacsaíní a fhorbairt agus chun tacú le cruthú chóras COVAX, rud a bhí lárnach i rochtain ar vacsaíní a sholáthar do thíortha atá i mbéal forbartha.



*Seisiún feasacha sciath COVID-19 Antananarivo, Madagascar © Ciste Cothú na Síochána na Náisiún Aontaithe, Madagascar © Ciste Cothú na Síochána na Náisiún Aontaithe, Madagascar*




*Cuireann an tAire Simon Coveney é féin i láthair ag an gComhdháil Deontóirí sa tSiria i mí Iúil 2020, inar gheall Éire €25m © RGE*

## Freagairt Dhaonnúil

Chomh maith le COVID-19, lean na tosca a bhí taobh thiar de riachtanas daonnúil, coimhlint agus athrú aeráide mar shampla, ag dul in olcas. Meastar go raibh cabhair agus cosaint dhaonnúil de dhíth ar 440 milliún duine in 2020, méadú 165% ó 2019.

In 2020, chuir Éire €192m de chúnamh daonnúil ar fáil, déantar an cúnamh daonnúil céanna a threorú trí chomhpháirtíochtaí le córas na Náisiún Aontaithe, leis an gCros Dhearg agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus tríd an Aontas Eorpach chomh maith.

Is í coimhlint is mó is cúis leis an ngá le riachtanas daonnúil fós. Chomh maith leis sin, in 2020, bhí méid na n-éigeandálaí daonnúla suntasach, lena-áirítear tuilte ar fud oirthear na hAfraice agus triomach sa tSaiheil.

Déantar an chuid is mó de thacaíocht dhaonnúil na hÉireann a sheachadadh trí Chúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Cuireann Ranna Rialtais eile tacaíocht dhaonnúil ar fáil, ar nós rannchuidiú Éireann leis an gClár Domhanda Bia tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní hamháin go bhfuil sé mar aidhm ag Éire freagairt ar riachtanas daonnúil, ach teastaíonn uaithi an riachtanas a laghdú freisin. Déanaimid é sin trí naisc a chruthú laistigh dár gcúnamh daonnúil, ár gclár forbartha agus ár dtacaíocht le cothú na síochána. Tá an cur chuige comhcheangailte le feiceáil is mó i dtíortha ina bhfuil Ambasáid ag Éirinn agus úsáideann sí taidhleoireacht agus cabhair chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna casta, amhail iad siúd a théann i bhfeidhm ar Tigray san Aetóip agus Cabo Delgado i Mósaimbíc.

## Comhionannas inscne a chur chun cinn

Bhí dúshláin thromchúiseacha ann do chomhionannas inscne ar fud an domhain in 2020. Bhí ardú suntasach ar fhoréigean ar bhonn inscne de bharr na dianghlasála, meastar gur fhág beagnach 20 milliún cailín an t-oideachas ó thosaigh an phaindéim, ag cur le thart ar 130 milliún atá as scoil cheana féin.

I mí Feabhra, sheol Éire An Ráig faoin gCúig ag iarraidh ar rialtais gealltanas a thabhairt do chúig ghníomhaíochtaí chlaochlaitheacha chun oideachas na gcailíní a fheabhsú: Tá deasc aici; tá sí muiníneach; foghlaimíonn sí na scileanna a theastaíonn uaithi; tá sí sábháilte; tá sí sláintiúil.

Sheol Éire cruinniú ard-leibhéil ag na Náisiúin Aontaithe ina raibh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Antonio Guterres, Mary Robinson agus Bono le cúigear abhcóidithe óige spreagúla - Sonita Alizadeh, Marie-Claire Kaberamanzi, Nibras Khudaida, Aisling O'Boyle agus Mohamed Sidibay – chun an glao domhanda seo a sheoladh.

Ó ceapadh é i mí Iúil 2020, lean Colm Brophy T.D., Aire a bhfuil freagracht air i leith Cúnamh Forbartha Thar Lear, ar aghaidh ag díriú ar oideachas i gcomhair cailíní. Oibríonn Éire le páirtithe ar nós na Comhpháirtíochta Domhanda don Oideachas, Mná na Náisiún Aontaithe, ONE agus Ciste Malala chun tacú le cearta cailíní i ngach áit ionas go bhfaighidh siad oideachas.

## Tacú le gníomhú ar son na haeráide

D'aithin Clár an Rialtais 2020 gur mór-dhúshlán beartais intíre agus eachtraigh é an t-athrú aeráide. I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhunaigh an Roinn, Aonad Aeráide nua chun ár gcumas dul i ngleic leis an athrú aeráide a uasmhéadú.

Is é ról an Aonaid Aeráide tacú le taidhleoireacht aeráide agus maoiniú aeráide na hÉireann, a chomhordú, a mhúnlú agus a mhéadú, i ndlúthchomhar le Ranna Rialtais eile. I measc na bpríomhthosaíochtaí, tá tacú le pobail dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide sna tíortha is lú forbairt agus i stáit bheaga i mbéal forbartha, agus an t-aigéan a chosaint agus geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn.

Déanfaidh an t-aonad príomhthosaíochtaí Chlár an Rialtais a bhaint amach freisin, lena n-áirítear céatadán ár gCúnamh Forbartha Thar Lear (COF) do mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú faoi dhó faoi 2030 agus ár COF a phromhadh ó thaobh na haeráide de.

Trí ghníomhú ar son na haeráide de chuid Chúnamh Éireann, tacaíonn Éire freisin leis na tíortha is lú forbairt agus le stáit bheaga atá i mbéal forbartha in idirbheartaíocht aeráide. Ina theannta sin, laghdaíonn gníomhú ar son na haeráide ar phríomhthosaíochtaí na hÉireann amhail cearta an duine a bhaint amach agus síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chothabháil. Tá ról ceannasach againn freisin maidir leis an aeráid a chomhtháthú i bplé Chomhairle Slándála na NA.

# Ag Méadú Raon Feidhme na hÉireann - Fócas ar Chríocha Mheiriceá agus ar an Áise

## Réamhrá

In 2020, bhí 16 mhisean dhéthaobhacha taidhleoireachta ag Éirinn i gCríocha Mheiriceá, agus 15 i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Le rogha samplaí a tarraingíodh ón gceanncheathrú agus ó mhisin, cuireann an rannán seo léargas ar fáil ar cé chomh fairsing agus atá rannpháirtíocht na hÉireann leis an dá réigiún seo in 2020.

## SAM agus Ceanada

De réir *Straitéis an Rialtais do Stáit Aontaithe Mheiriceá agus do Cheanada 2019-2025*, leanamar ar aghaidh ag díriú ar chaidrimh nuálacha na hÉireann a neartú agus a láidriú leis na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le Ceanada. Go deimhin, bhí an méid ba mhó de chuairteanna ardleibhéil in 2019 ar an dá thaobh den Atlantach le gairid. Bhí 2020 le leanúint ar aghaidh mar sin, ag tosú i mí Feabhra le cuairt rathúil agus Léacht Theach Uíbh Eachach le hUachtarán agus Príomhfheidhmeannach Chúlchiste Feidearálach San Francisco, Mary C. Daly.

Ag tús na paindéime, agus óráid dhuairc an Taoisigh ó Washington D.C. le linn a chuairte Lá Fhéile Phádraig, athraíodh obair fhoireann SAM agus Ceanada. Athainmnithe mar *Foireann Chonsalachta Mheiriceá Thuaidh*, agus le foireann níos mó ar bhonn sealadach, d'oibríomar chun tacú lenár misin sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada agus d'oibrigh siad chun cúnamh a thabhairt d'Éireannaigh ina réigiúin. Chomh maith leis sin, rinne an fhoireann idirchaidreamh dlúth le hAmbasáidí na Stát Aontaithe agus Cheanada i mBaile Átha Cliath, rud a chuidigh le haisdúichiú saoránach Éireannach ar fud an Mheánoirthir, na hÁise agus na hAfraice.

Reáchtáladh cuairteanna ardleibhéil le riarachán na Stát Aontaithe go fíorúil, chomh maith le for-rochtain Airí chuig pobail Éireannacha sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada a bhí ar siúl ar líne. Agus deireadh tagtha leis an gcéad ghéarchéim chonsalachta, nuair a bhíomar ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2020, díríodh aird ar thoghchán Uachtaránachta na Stát Aontaithe, agus rinne an tUachtarán tofa, Joe Biden, gealltanas chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta Mheiriceá a athbheochan.

## Sraith Léachtaí Meiriceá Éireannach

In ainneoin go bhfuil sé fós ar cheann de na "grúpaí eitneacha" is mó, tháinig laghdú seasta ar líon na ndaoine ag maíomh go bhfuil siad de Shliocht Éireannach i Stáit Aontaithe Mheiriceá le blianta beaga anuas, ó thart ar 40 milliún in 1980 go dtí 32 milliún inniu. Agus diaspóra na hÉireann ag dul le rud darb ainm "eitneacht ghlúine dheireanach", bogann sé níos faide ó ghlúin a sinsir a chuaigh ar imirce, tagann ceist chun cinn maidir leis an gcaoi is fearr ar féidir le hÉirinn a bheith rannpháirteach leis an gcéad ghlúin eile.

Chun eolas a chur ar fáil maidir le saibhreas, beogacht agus castacht Mheiriceá Éireannach inniu, eagraíodh sraith léachtaí poiblí a raibh cainteoirí móra le rá inti lena n-áirítear an tOllamh Liam Kennedy, Dennis Brownlee, bunaitheoir an Líonra Diaspóra Éireannach Meiriceánach Afracach, Leni Sloan, comhalta boird ag an Líonra Diaspóra Éireannach Meiriceánach Afracach, Dr Ebun Joseph den Institiúid Frithchiníochais agus Staidéar Daoine de dhath i mBaile Átha Cliath, agus roinnt dámhachtaithe Fulbright.

Cuireadh na léachtaí ar líne nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm, agus chuaigh siad i ngleic le deacrachtaí cosúil lena bhfuil i gceist le bheith óg agus de bhunadh na hÉireann i Meiriceá inniu; taithí grúpaí mionlaigh na Meiriceánaigh Éireannacha san am a caitheadh; agus na naisc idir na grúpaí Meiriceánacha Afracacha agus na grúpaí Éireannacha sna Stáit Aontaithe.



*Cuairt an Aire Coveney chuig Washington DC © Marty Katz*



**FRANK FLOOD**
Ceann Misin | Ard-Chonsalacht, Vancouver

D'oscail oifig Ard-Chonsalacht na hÉireann i Vancouver i mí Mheán Fómhair 2018 mar chuid de thionscadal Éire Dhomhanda. Tá trí phríomhfheidhm ag baint leis, chun cabhair chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha, tacaíocht a chur ar fáil don phobal bríomhar Éireannach in British Columbia, agus chun caidrimh dhéthaobhacha níos láidre a chur chun cinn lena n-áirítear trádáil, turasóireacht agus infheistíocht.

Mar oifig nua, chuir an Chonsalacht tús le dhá chleacht tagarmharcála in 2019 i gcomhar leis an bpobal Éireannach; forbairt eolaire trádála Éireannach in British Columbia agus tionscadal nuálach léarscáilithe pobail Éireannaigh.

D'aithin an tionscadal léarscáilithe caoga eagraíocht Éireannach áitiúil agus bhí sé lárnach do fhreagairt na Consalachta ar phaindéim COVID-19 in 2020 de réir mar a chuamar i dteagmháil leis na heagraíochtaí Éireannacha ar fad. Chuir sé seo ar chumas na Consalachta aontú maidir leis na céimeanna a thógfadh an Chonsalacht le bheith chomh cabhrach agus ab fhéidir.

Bhunaigh Aonad na nÉireannach Thar Lear ciste tacaíochta COVID-19 go tapa, a phróiseáil iarratais mhaoinithe a bhí measartha ach tábhachtach freisin ar bhealach an-phroifisiúnta, taobh istigh de chúpla lá go minic. Rinne an Chonsalacht machnamh ar an maoiniú sin chun tacaíocht a chur ar fáil d'oifigeach cumarsáide do ghrúpa tacaíochta Covid 19 na hÉireann chun nuachtlitir sheachtainiúil ar líne a dhearadh agus chun forbairt a dhéanamh ar acmhainn dhigiteach na n-eagraíochtaí agus na ndaoine aonair sa domhan fíorúil nua.

D'oibrigh an Chonsalacht le hIonad Inimirce Éireannaigh Cheanada, chuidigh sí le ceapadh Comhairleoir Cúraim Shóisialta i Vancouver chun cabhair a thabhairt le dul i ngleic le fadhbanna meabhairshláinte agus Oifigeach Idirchaidrimh Cliant chun seirbhís eolais fostaíochta a sholáthar.

Agus muid ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2020, bhí roinnt daoine ag streachailt leis an saol i rith na paindéime, cuireadh cúrsa teiripe cognaíochta agus iompraíochta ar fáil saor in aisce do shaoránaigh na hÉireann. I dteannta leis sin, cuireadh maoiniú ar fáil chun Ciste Carthanachta na hÉireann a atosú, a chuir dearbháin bhia ar fáil do dhaoine ar theastaigh siad uathu.



*Aisdúichiú saoránach Éireannach ó Pheiriú ar chairteitilt eagraithe ag an RGE*
*© Eduardo Benavides*

## Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib

Ba é cur i bhfeidhm na ndianghlasálacha diana agus na srianta ar thaisteal idirnáisiúnta i mí Márta 2020, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, a d'fhág na mílte saoránach Éireannach sáinnithe ar fud réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib (MLC) agus bhí cabhair chonsalachta ag teastáil ó na saoránaigh chéanna.

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim seo nach raibh aon choinne léi, d'oibrigh an fhoireann inár sé mhisean ó dhubh go dubh ar feadh míonna chun cuidiú le saoránaigh a bhí sáinnithe. Bhí comhoibriú leanúnach le húdaráis náisiúnta agus áitiúla ag baint leis an iarracht chomhordaithe, chomh maith le Ballstáit an AE agus páirtithe lárnacha eile, Consail Oinigh na hÉireann sa réigiún agus foirne consalachta freagartha sa cheanncheathrú le cinntiú go bhféadfadh saoránaigh na hÉireann filleadh abhaile i lár na géarchéime.



**YANINA BEVILACQUA**
**Preasoifigeach agus Oifigeach Cultúir | Ambasáid na hÉireann, Buenos Aires**

Tháinig mé isteach san Ambasáid in Buenos Aires in 2013 mar Rúnaí don Ambasadóir agus, ó 2018, d'oibrigh mé mar Phreasoifigeach agus mar Oifigeach Cultúir.

Ón bpaindéim agus ón dianghlasáil dhian a bunaíodh go gairid ina diaidh, cuireadh mo thaithí ar lóistíocht, ar chumarsáid agus ar idirchaidrimh leis na húdaráis áitiúla i bhfeidhm nuair a bhí aisdúichiú 300 duine ag teastáil ón Airgintín, Bolaiv, Paragua agus Uragua chuig Éirinn, tar éis do na tíortha sin a dteorainneacha a dhúnadh i mí Márta 2020.

Bhí mé freagrach as súil a choinneáil ar na srianta agus ar an bhfoirmiúlacht a bhí ag teastáil chun daoine a chur ar a gcumas taisteal, chomh maith le dul i dteagmháil leis na hAireachtaí Eachtracha agus údaráis eile nuair a bhí deacrachtaí ag muintir na hÉireann teorannacha idirnáisiúnta a thrasnú. Bhí orm deimhniú go rabhamar in ann comhairle agus an páipéarachas cuí a chur ar fáil do dhaoine chun dul chuig na haerfoirt agus chun an tír a fhágáil go sábháilte.

Agus mé ag baint úsáid as mo líonra agus mo chuid teagmhálaithe, bhí mé in ann foláireamh luath a fháil ar eitiltí a bheith ar díol. Chuir sé sin ar chumas ár saoránach rochtain a fháil ar eitiltí nuair a chuaigh siad ar díol ar an bpointe boise mar go mbeidís ar fad díolta taobh istigh de chúpla nóiméad.

Le linn thréimhse na géarchéime, d'oibrigh Foireann na hÉireann ó dhubh go dubh san Airgintín chun deimhniú go dtiocfadh ár ndaoine abhaile slán sábháilte. Bhí sé thar a bheith tábhachtach a bheith ag obair as lámh a chéile chomh maith le taithí gach duine a chur le chéile chun ár dtasc a chur i gcrích ar an gcaoi ab fhearr.

Sa chomhthéacs neamhchinnte agus deacair seo, ba mhór an onóir dom freastal ar Éirinn agus cuidiú le neart saoránach filleadh abhaile ó áiteanna an-iargúlta, go sábháilte in ainneoin go leor deacrachtaí.

Maidir le saoránaigh na hÉireann ag taisteal i bPeiriú, d'oibrigh Ambasáid na hÉireann sa tSile, i gcomhar le Consal Oinigh na hÉireann i Líoma, chun taistealaithe a aistriú amach ar eitilt aisdúichithe de chuid na hÉireann. Rinne an Ambasáid oibríocht phraiticiúil chun saoránaigh Éireannacha a bhí sáinnithe i gcathracha éagsúla agus réigiúin ar fud na tíre a thabhairt go Líoma ar an mbus in am don eitilt abhaile. Ar an iomlán, thaisteal 93 saoránach Éireannach agus 126 thurasóir de chuid náisiúntachtaí eile, lena n-áirítear saoránaigh de chuid an AE, na Ríochta Aontaithe agus na hIorua ar an eitilt Éireannach ó Pheiriú.

Ar an iomlán, chuir misin taidhleoireachta i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib comhairle agus cabhair ar fáil do bhreis is 1,000 saoránach Éireannach a bhí sáinnithe sa réigiún agus thacaigh na misin chéanna le go leor iarrachtaí casta aisdúichithe.

Bhí misin Éireannacha taidhleoireachta i Meiriceá Laidineach agus i réigiún Mhuir Chairib nuálach maidir lena gcuid oibre a athrú de réir na srianta a bhí ann de bharr na paindéime, go háirithe agus iad ag baint leas as na himeachtaí agus na cruinnithe a bheith ar bun ar líne.

D'oibrigh na misin sa réigiún le chéile chun an chéad cheolchoirm Réigiúnach Nollag MLC a eagrú, ina raibh ealaíontóirí Éireannacha agus ealaíontóirí áitiúla ann, agus sruthaíodh é ar líne ar fud na gcainéal ar na meáin shóisialta.

Reáchtáil Ambasáid na hÉireann san Airgintín "Sraith Oíche Dé hAoine" de thaibhithe físeáin idir mí Iúil agus mí na Nollag. D'oibrigh an misean le grúpaí ceoil Éireannacha áitiúla agus ealaíontóirí chun físeáin ghearra a dhéanamh a foilsíodh ar Instagram ar urraigh gnólachtaí Éireannacha iad san Airgintín, agus a sholáthair duaiseanna raifil. Ba é toradh na sraithe físeáin ná gur eagraigh an Ambasáid ceolchoirm deireadh bliana a ndearnadh scannánú beo uirthi agus a mheall os cionn 4,600 duine mar lucht féachana.

Reáchtáil Ambasáid na hÉireann sa Cholóim feachtas cultúir darb ainm #IrlandaInspira (Spreagann Éire). Sa tionscadal, chuir deichniúr ealaíontóirí físeáin ghearra isteach de thaibhiú, a d'fhoilsigh an Ambasáid ar na meáin shóisialta. Cheiliúir #IrlandaInspira réimse leathan foirmeacha ealaíne, lena n-áirítear ceol, filíocht, drámaíocht, na hamharc-ealaíona agus damhsa Gaelach. Faoi cheann dheireadh an fheachtais, bhí na físeáin feicthe ag 46,000 duine ar Twitter agus Facebook, agus shroich sé os cionn 97,000 duine ar Facebook.



*The Irish Ghosts ar an ardán ag Ambasáid na hÉireann in Buenos Aires 'Irlanda en Concierto: Seisiún na hAirgintíne © RGE*




*"D'eagraigh Ambasáid na hÉireann i Meicsiceo comhdháil idirnáisiúnta ar Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil" © RGE*

D'fhorbair Ambasáid na hÉireann sa tSile feachtas ar líne darb ainm "Aimsigh d'Fhréamhacha Éireannacha". San fheachtas bhí; roinnt físeán teistiméireachta ó Shileacha d'oidhreacht na hÉireann, gnéithe faoi shloinnte coitianta sa tSile agus agallamh físeáin ar thaithí na n-inimirceach Éireannach i bPeiriú. Shroich an feachtas beagnach 90,000 duine ar Facebook, bhí 16,000 imprisean aige ar Twitter, agus 8,000 ar Instagram.

Reáchtáil Ambasáid na hÉireann i Meicsiceo comhdháil idirnáisiúnta ar Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) i gcomhar le Mná na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí an Chruinnithe Comhchéime Idirnáisiúnta maidir le Comhionannas Inscne i Meicsiceo. Agus os cionn 1,000 páirtí ón rialtas ag an gcomhdháil, chomh maith le húdaráis slándála agus an tsochaí shibhialta a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair, chruinnigh sé saineolaithe ó gach cearn den domhan chun labhairt ar an gclár MSS 20 bliain tar éis glacadh le Rún 1325 agus thug sé roinnt deiseanna maidir le comhoibriú sa todhchaí chun solais.

Chuir Ambasáid na hÉireann sa Bhrasaíl a gceiliúradh Lá Bloom ar líne, agus chomhair sé na 18 "eipeasóid" de Ulysses le léitheoireacht físeáin agus taibhithe ar Twitter agus chríochnaigh sé le seó 30 nóiméad ar YouTube ag ceiliúradh litríocht, ceol, filíocht agus drámaíocht na hÉireann.

D'eagraigh Ard-Chonsalacht na hÉireann i Sao Paulo sraith de thrí sheimineár gréasáin chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn roimh COP26, ag díriú théamaí Bheart Glas Nua an AE, comhionannas inscne agus nuálaíocht. Tá an sraith feicthe ag os cionn 1,000 duine agus rinneadh podchraoladh den chéad imeacht, comhrá cois teallaigh le David Donoghue, Iar-Ambasadóir na hÉireann do na Náisiún Aontaithe.



**MERCEDES AGUIRRE SARAVIA**
**Oifigeach Taidhleoireachta Poiblí agus Cultúir | Ambasáid na hÉireann in Santiago**

Tháinig mé isteach san fhoireann ag Ambasáid nua na hÉireann sa tSile go gairid tar éis a hoscailte in 2019. Cuireadh dúshláin mhóra romham ar go leor bealaí i mo shaol oibre agus mé ag obair i gcultúr, in imeachtaí agus i bhfor-rochtain don mhisean nua seo in 2020. D'fhoghlaim mé go leor ón eispéireas bhaineann le himeachtaí ag athrú go himeachtaí ar líne, an dúshlán a bhí ann maidir le dul i bhfeidhm ar lucht féachana ar líne agus cruthaitheacht na dtograí agus an comhoibriú a fuaireamar ón earnáil ealaíon agus cultúir, earnáil ar bhuail an phaindéim go dona í.

Go luath in 2020, reáchtáil mé cuairt an Iar-Uachtaráin Mary Robinson a raibh an-fháilte roimpi go Santiago i mí Eanáir agus ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig a eagraíodh i gcomhar leis an bpobal Éireannach i mí Márta. Ansin, agus tús na paindéime tagtha, cuireadh dúshlán romhainn athshamhlú a dhéanamh ar ár straitéis chun ár spriocanna a bhaint amach. Ar thaobh amháin, dhíríomar ar cultúr na hÉireann a scaipeadh. D'óstálamar ár gcéad cheiliúradh Lá Bloom ar líne le tacaíocht ceannairí Sileacha cultúrtha agus thugamar tacaíocht do rannpháirtíocht cheoltóirí na hÉireann i bhFéile Snagcheoil a d'eagraigh An tAontas Eorpach. I dteannta leis sin, roinneamar roinnt smaointe agus dearcthaí bunaithe ar thaithí na hÉireann le blianta beaga anuas ar Choinbhinsiún Bunreachtúil agus Comhthionóil Saoránach, de réir mar a chaith an tSile vóta chun Coinbhinsiún Bunreachtúil nua a bhunú in 2020.

Mar mhisean nua, ba é ceann dár bpríomhaidhmeanna chun pobal Éireannach a chruthú ach daoine de shliocht na hÉireann sa tSile, i bPeiriú agus in Eacuadór a aithint. Ba aidhm í sin a d'fhéadfaí a bhaint amach in 2020, in ainneoin na dianghlasála, a bhuíochas do lucht féachana agus éisteachta na meán sóisialta. D'aithin ár dtionscnamh darb ainm "Discover your Irish Roots" níos mó ná 500 duine a bhí de shliocht na hÉireann agus chuidigh sé leo níos mó a fhoghlaim faoina muintir agus na ceangail a d'fhéadfadh a bheith acu le hÉirinn. In iomlán, foghlaimíodh go leor sa bhliain 2020 agus creidim gur thug an taithí sin an chruthaitheacht dom mé féin a athrú ó bhonn ó thaobh mo shaoil phroifisiúnta de.

# Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise

## Straitéis Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise

Seoladh Straitéis Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise i mí Eanáir 2020, *Éire Dhomhanda: Tionscnamh tras-rialtais is ea An Beart a Dhéanamh i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise go 2025*, chun ár dtionchar ar an réigiún atá suntasach go domhanda a mhéadú faoi dhó sna blianta beaga romhainn. Tá an straitéis bunaithe ar chúig aidhm ardleibhéil – polaitiúil, geilleagrach, cultúr agus diaspóra, infheictheacht, agus cur chuige fhoireann na hÉireann – leagann an straitéis amach cuspóirí agus clocha míle d'Éirinn a bheadh dírithe níos mó ar chúrsaí polaitiúla, ag trádáil níos mó agus a bheith níos ceangailte trí naisc duine-le-duine tar éis thréimhse cúig bliana. Is





*Caidreamh taidhleoireachta a bhunú le Nua-Ghuine Phapua. Síníodh Ráiteas Comhpháirteach ag Ambasáid na hÉireann in Canberra ar an 26 Deireadh Fómhair, 2020 © RGE*

príomhghealltanais ón RGE sa straitéis; ár lorg a leathnú sa réigiún, le misin nua sna hOileáin Fhilipíneacha agus sa tSín faoi cheann 2025, tógáil na nasc polaitiúil, agus clár cumarsáide dírithe ar réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin a chur i gcrích.

Is é an cuspóir de €100 billiún trádáil dhá bhealach le réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin faoi cheann 2025 é aidhm chlár taidhleoireachta eacnamaíocha an RGE, agus tá iarrachtaí móra le gníomhaireachtaí Stáit agus ranna ábhartha ag baint leis an gclár chun borradh a chur faoi naisc eacnamaíocha agus chomhaontaithe trádála ar fud an AE a chur i gcrích le geilleagair mhóra. Is iad na réimsí faoi leith a ndíreofar orthu ná talmhaíocht agus bia, oideachas, turasóireacht, easpórtálaithe intíre agus infheistíocht dhíreach eachtrach.

Déanfaidh grúpa páirtithe leasmhara idir-rannach maoirseacht ar an gclár uaillmhianach de ghealltanais agus aidhmeanna, agus seolfaidh siad tuarascálacha bliantúla chuig an rialtas chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn.

Is príomhchuspóir é forbairt d'Áras na hÉireann nua i dTóiceo maidir le beartas reatha eachtrach na hÉireann agus rinneadh tagairt faoi leith dó sa tionscnamh Éire Dhomhanda 2025. Síníodh an conradh do dhearadh críochnúil Theach nua na hÉireann i mí Lúnasa 2020 tar éis Chomórtas Deartha idirnáisiúnta. Tá an fhoireann deartha faoi stiúir an ghnólachta ailtirí Henry J. Lyons, a bhain gradaim amach. Déanann an tionscadal ionadaíocht ar an infheistíocht chaipitil ba mhó a rinne Rialtas na hÉireann riamh chun seachadadh taobh amuigh den Stát ó bhain Éire neamhspleáchas amach. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal in 2024.



*Léaráid ealaíontóra d'Áras na hÉireann, Tóiceo © Henry J Lyons, Ailtirí*




*Léaráid ealaíontóra den Chlós, Áras na hÉireann, Tóiceo*
*© Henry J Lyons, Ailtirí*

## Foireann na hÉireann ag fáil trealamh cosanta pearsanta

Nuair a bhí an phaindéim ina tús, ba dhúshlán mór agus láithreach é an t-éileamh a bhí ar threalamh sláinte do fhreagairt COVID-19 na hÉireann. Thug foireann na hÉireann tacaíocht don FSS chun cuidiú leo trealamh riachtanach a fháil, ar nós Trealamh Cosanta Pearsanta, trealamh tástála, agus aerálaithe, trí chomhoibriú idir ÚFT Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus a líonra misean thar lear. D'oibrigh Ambasáidí agus Gníomhaireachtaí Stáit le chéile go dlúth thar lear ag baint úsáid as a líonra de theagmhálaithe agus ar a saineolas margaidh chun tacú le ceannach agus seachadadh rathúil i margadh domhanda atá an-iomaíoch agus casta.

## Iompórtáil na Masc Aghaidhe ón gCóiré

D'fhreagair an Chóiré go tapa agus go héifeachtach don chéad ráig de COVID-19, agus chuir sí go leor acmhainní agus cur chuige i bhfeidhm lena n-áirítear tástáil fhairsing agus rianú teagmhála, ní dhearnadh aon mhoill de bharr na gceachtanna a foghlamaíodh ó MERS. Ba iad cuir chuige nuálacha na Cóiré ar nós ionaid tástála charrsheirbhíse a chuir ar a cumas toghchán náisiúnta a reáchtáil i mí Bealtaine 2021. Chuir Éire suim ina teicneolaíocht COVID-19 ar an bpointe chun ár bhfreagairt don phaindéim a bhunú.

Mar a d'iarr an FFS, agus seolta ag ÚFT Éireann, ba iad Ambasáid na hÉireann i Súl agus ÚFT Cóiré – le hÁras na hÉireann, an Chóiré – a ghníomhaigh go tapa chun soláthar 2.23 milliún trealamh tástála a fháil ó ghnólacht na Cóiré a bhfuil an-mheas uirthi agus a bhí ag fás go sciobtha, le linn dóibh a bheith ag comhordú gach lá le Rannán Domhanda na hÉireann agus le Roinn an Aigéin Chiúin ag Ceanncheathrú RGE agus le Ceanncheathrú ÚFT. Bhí an luas tábhachtach ó tharla go raibh iomaíocht idirnáisiúnta ag teacht chun cinn le haghaidh soláthairtí teoranta Trealamh COVID-19.

Maidir leis sin, ba aidhm ríthábhachtach é maisc mháinliachta aghaidhe a fháil le haghaidh oibrithe sláinte túslíne. Ghníomhaigh an Chóiré go tapa chun táirgeadh agus dáileadh na masc aghaidhe a stiúradh ach chruthaigh na chéad dúshláin soláthair deacrachtaí maidir lena n-easpórtáil. Arís, ba é comhoibriú dlúth idir an Ambasáid agus ÚFT Chóiré agus RGE agus ceanncheathrúna ÚFT, ba chúis le glao tábhachtach teileafón idir an Taoiseach ag an am, Leo Varadkar agus Uachtarán na Cóiré Moon Jae-In ar 4 Bealtaine 2020. Tar éis idirbheartaíochta diana sa Chóiré maidir le dearadh agus sonraíocht na masc le gnólacht mór Cóiré eile agus maidir leis na coinníollacha easpórtála, soláthraíodh 120 milliún masc máinliachta aghaidhe chuig Éirinn sa dara leath de 2020.




*Síniú an chonartha leis an gcuideachta monaraíochta trealaimh tástála Noble Biosciences Inc., an 27 Márta 2020 © Noble Biosciences Inc.*

Léirigh tacaíocht na Roinne Iompair carachtar oibre an uile-rialtais ní ba mhó nuair a fuarthas cead le haghaidh eitiltí fillte chuig Súl ó Aer Lingus ar 13 lá i ndiaidh a chéile i mí Iúil agus Lúnasa 2020 chun an chéad seachadadh de 21 milliún masc a fháil.

De réir mar a mhéadaigh éileamh ar threalamh cosanta pearsanta le soláthar chuig Éirinn le teacht ráig COVID-19 in Éirinn, bhí Ambasáid na hÉireann i mBéising i dteagmháil leanúnach lena gcomhghleacaithe ÚFT i mBéising, Shanghai agus Shenzhen agus lena bpáirtnéirí sa FSS, an Roinn Iompair, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Spóirt, agus le hAer Lingus chun cuidiú leo, nuair a bhí sé indéanta agus cuí, agus iad ag idirghníomhú le bealaí oifigiúla sa tSín. Bhain raon réimsí leis an gcabhair seo, lena n-áirítear socruithe tuirlingthe, ceadanna eitlíochta, agus saincheisteanna custaim. Rinneadh seo i ndlúthchomhar le ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Chomh maith le hoibríochtaí soláthair TCP FSS/GFT/Aer Lingus, chabhraigh an Ambasáid freisin le comhpháirtithe eile a d'fhosaigh an FSS, idir Éireannach agus Síneach, maidir le saincheisteanna comhchosúla lena mbaineann bealaí oifigiúla Síneacha.

Agus na brúnna agus deacrachtaí san áireamh nach bhfacthas a leithéid riamh arna dteacht chun cinn sa timpeallacht dhomhanda, atá ag forbairt go tapa, a bhaineann le soláthar agus éileamh TCP ó thús ráig COVID-19, bhí sé riachtanach an tAmbasadóir agus foireann na hAmbasáide a bheith ar fáil ar bhonn 24/7 chun cabhrú leis an FSS, GFT agus a gcomhpháirtithe maidir lena chinntiú gur féidir na soláthairtí leighis riachtanacha agus TCP a sholáthar agus a iompar go hÉirinn go réidh tapa.



**SARAH FINN**

**An Tríú Rúnaí | Roinn an Aigéin Chiúin agus na hÁise**

**Chuaigh mé isteach sa Roinn in 2019 mar Oifigeach Deisce le haghaidh na Síne i Roinn an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Bhí lúcháir orm glacadh leis an ról seo, óir bhí cónaí orm i mBéising roimhe sin ar feadh dhá bhliain mar ar chuir mé i gcrích mo chéim Mháistreachta sa Léann Síneach.**

**Mar oifigeach deisce le haghaidh na Síne tá baint agam le gach gné den chaidreamh idir Éire agus an tSín, lena n-áirítear naisc pholaitiúla, gheilleagracha, chultúrtha, agus duine le duine. De ghnáth is é a bheadh i gceist leis seo ná cuairteanna isteach chun na Síne agus amach ón tSín a eagrú, ócáidí a bhaineann leis an tSín i mBaile Átha Cliath a eagrú agus freastal orthu, seisiúin faisnéise a ullmhú maidir le raon leathan d'ábhair a bhaineann leis an tSín, chomh maith le cumarsáid a choimeád le hAmbasáid na Síne i mBaile Átha Cliath agus lenár misin sa tSín.**

**Cé nárbh fhéidir cuairteanna agus ócáidí a bheith ann in 2020, bhíomar ábalta fós leibhéil arda rannpháirtíochta a choimeád lenár gcomhghleacaithe Síneacha, trí chruinnithe ardleibhéil ag leibhéal AE agus iltaobhacha araon, agus trí naisc fhíorúla ag leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'oibrigh ár bhfoireann sa cheanncheathrú go dlúth lenár gcomhghleacaithe in Ambasáid Bhéising maidir le TCP a sholáthar d'Éirinn de réir mar a mhéadaigh éileamh nuair a thosaigh COVID-19 sa bhaile. Ag an am céanna, bhí deis ann freisin i mbliana do dheasc na Síne díriú ar spriocanna níos straitéise agus fadtéarmaí.**

**Mar gheall ar thábhacht na Síne i ngach réimse de bheartas eachtrach na hÉireann, is ról an-ghníomhach agus spéisiúil, agus bhain mé an-taitneamh as m'am ag obair leis an bhfoireann i Roinn an Aigéin Chiúin agus na hÁise.**

# Ag Tacú le Muintir na hÉireann

## Straitéis Diaspóra – Eisimircigh ag filleadh

I measc ár ndiaspóra tá saoránaigh Éireannacha atá ina gcónaí thar lear, agus an iomad sin milliún daoine de bhunadh na hÉireann ar fud na cruinne. Cuimsítear ann freisin an diaspóra droim ar ais, daoine a chónaigh, a rinne staidéar nó a d'oibrigh in Éirinn sular fhill siad ar a dtíortha dúchais. Le chéile, is ionann na grúpaí sin agus Éireannaigh an Domhain.

I mí na Samhna 2020, sheol an Rialtas Straitéis an Diaspóra 2020 go 2025. Is toradh é ar an Rialtas a bheith ag aithint an ghá le gaolta suntasacha a chruthú le hÉireannaigh an Domhain. Agus na céadta daoine agus eagraíochtaí in Éirinn agus i bpobail Éireannacha ar fud an domhain ag cur léi, léirítear sa straitéis seo na cúinsí agus na riachtanais, atá i mbéal forbartha, a bhaineann le hÉireannaigh an Domhain, agus feictear léi tionscnaimh a fhorbairt chun an caidreamh a neartú.

Is sprioc thábhachtach é i Straitéis an Diaspóra tacú le baill den diaspóra ar mian leo filleadh ar Éirinn chun cónaí ann. Is dhá cheann de na tionscnaimh thábhachtacha a eascraíonn ó Straitéis an Diaspóra iad rochtain éasca a chur ar fáil ar fhaisnéis chun cabhrú leis an Diaspóra atá ag filleadh chun socrú ar ais sa bhaile, agus tacaíochtaí a fhorbairt d'fhiontraithe chun gnólachtaí a bhunú in Éirinn.

## An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha, ag obair leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, maoirseacht ar thairseach thiomnaithe, 'Filleadh ar Éirinn, a fhorbairt ar citizensinformation.ie. Tá an suíomh gréasáin freagrúil ar riachtanais agus ábhair imní eisimirceach Éireannach agus cuirtear ar fáil ann faisnéis shonrach ar roinnt príomhréimsí. In 2020, bhí *Ag filleadh ar Éirinn agus COVID-19 agus Ag aithint do cháilíochta iasachta in Éirinn* i measc na leathanach a raibh tóir orthu. Le linn na bliana bhí 500,000 úsáideoir ann agus beagnach milliún amharc leathanaigh.

## Ar Ais le haghaidh Gnó

Is clár forbartha nuálach fiontraíochta agus gnó é Ar Ais le haghaidh Gnó, d'eisimircigh atá ag filleadh chun gnólachtaí nua a thosú in Éirinn. Leis an gclár cuirtear Ceannfhiontraithe Deonacha, a tháinig chun gnólacht a thosú iad féin, in éineacht le daoine a tháinig ar ais níos déanaí. Is é an aidhm atá ann go dtreorófar leis an bhflúirse taithí daoine ar bhealach daingean chun a ngnólachtaí a mhéadú, mar sin is ionann é agus spreagadh don rath.

In 2020, ghlac 44 rannpháirtí ó gach páirt d'Éirinn páirt, a raibh ochtar acu ag cur i gcrích modúl le haghaidh 'Forbairt Bhreise', tar éis céimniú ó rang 2019. Dar le Fiontraíocht Éireann, in 2020 bhí an ráta ratha ag gnólachtaí níos mó ná ráta piarghrúpaí inchomparáide in Éirinn.

## CLG

Ó 2007 i leith, éascaíodh le socrú maoinithe comhpháirtíochta le CLG an Clár Tacaíochta Eisimirceach chun tacú le hOifigigh Forbartha Cluichí CLG sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain. Ó 2013 i leith, trí Chiste Forbartha na gCluichí Domhanda, soláthraíodh maoiniú le haghaidh tionscadail i gclubanna CLG san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus Ceanada, san Astráil agus Nua-Shéalainn, san Áise, sa Mheánoirthear, san Afraic agus i Meiriceá Theas.

Faigheann clubanna tacaíocht airgeadais le haghaidh rudaí mar threalamh agus cóitseáil chun comórtais idirchlub a éascú. Leis seo tugtar deiseanna don diaspóra Éireannach agus do phobail eile thar lear Cluichí Gaelacha a imirt. Neartaítear mar gheall air freisin líonraí Éireannacha agus féiniúlacht Éireannach go hidirnáisiúnta agus braistint do phobal Éireannach.

Bhí fás na gCluichí Gaelacha go idirnáisiúnta, tríd an gCiste Forbartha Éireannaigh an Domhain, an-sásúil. In 2020 chuir an Roinn €200,000 leis an gciste agus rinne CLG an tacaíocht airgeadais chéanna ar fáil. In 2020, maoiníodh 75 thionscadal ar fud an domhain. Tacaíodh le 73 thionscadal bhreise a bhain le Covid le linn 2020, ag cur ar fáil dá réir cabhair riachtanach dóibh siúd a bhí ag streachailt de thoradh ar an bpaindéim.

## Ár Saoránaigh thar Lear – Cabhair Chonsalachta

Chuir an Roinn ar fáil freisin cabhair mhór nár bhain le COVID-19, ag obair ar níos mó ná 150 cás gníomhach ag am ar bith faoi leith. Cuireadh cabhair chonsalachta ar fáil le haghaidh 8,855 chás in 2020, lena n-áirítear do 253 theaghlach tar éis bás tragóideach duine muinteartha thar lear; 194 chás thromchúiseacha leighis; agus 197 saoránach leochaileacha lena mbaineann ábhair imní thromchúiseacha, chomh maith le 27 bpríosúnach agus 123 shaoránach eile a gabhadh. Mar gheall ar an bpaindéim agus srianta sláinte poiblí gaolmhara ar fud an domhain bhí na cásanna i bhfad níos casta, agus méadaíodh míshuaimhneas na saoránach agus a dteaghlach. Lean an Roinn ar aghaidh ag comhoiriúnú a nósanna imeachta chun freagairt go héifeachtach agus go tuisceanach ar riachtanais chonsalachta ár saoránach.

| Gach Misean | 2020 |
|---|---|
| Gabhadh | 123 |
| Fuadaigh Linbh | 9 |
| Leas Leanaí | 19 |
| Básanna Thar Lear | 253 |
| Díbirt | 28 |
| Leighis | 194 |
| Meabhairshláinte | 60 |
| Daoine ar Iarraidh | 37 |
| Eile | 628 |
| Príosúnaigh | 27 |
| Aisdúichiú | 409 |
| Íospartaigh na Coireachta | 43 |
| Leas | 197 |
| COVID-19 | 6,828 |
| **Iomlán** | **8,855** |

## Líonra de Chonsail Oinigh

Is croílár Fhoireann Éireann thar lear é líonra na hÉireann de Chonsail Oinigh, ag tacú lenár líonra misean ag soláthar cabhair chonsalachta agus seirbhísí do shaoránaigh Éireannacha, agus ag cur chun cinn thrádáil agus leasanna cultúrtha na hÉireann thar lear. Ba léire seo ná riamh in 2020 nuair a bhí ról fíorthábhachtach ag Consail Oinigh i bhfreagairt chonsalachta na Roinne ar COVID-19, ag cabhrú go gníomhach i mórán oibríochtaí aisdúichithe, agus ag cabhrú freisin leis an iomad saoránach a d'fhan thar lear.

Ceapadh beirt Chonsal Oinigh nua in 2020, duine acu in Toronto, Ceanada, agus duine eile acu in South Carolina, SAM.

In 2020, chuir an Roinn tús le tionscadal Rannpháirtíochta Digití na gConsal Oinigh. Is é an aidhm atá leis tacaíocht níos fearr a thabhairt d'obair luachmhar ár gConsal Oinigh trí theicneolaíochtaí nua TFC a sheachadadh, lena n-áirítear seirbhís ríomhphoist bhainistithe shlán RGE agus mol faisnéise ar líne do Chonsail Oinigh. Tá an tionscadal ag teacht le Straitéis Chonsalachta agus Straitéis TFC na Roinne, agus is taca é do sprioc na Roinne ár dtionchar a mhéadú faoi dhó faoi Éire Dhomhanda 2025.

## Seirbhís Visa

Tá ról tábhachtach ag misin na Roinne thar sáile maidir le víosaí. Mar gheall ar an tseirbhís a bheith ar fionraí ar feadh cuid mhór de 2020 de thoradh ar COVID-19, bhí líon na víosaí 70% níos ísle ná in 2019.

Tá na figiúirí seo le haghaidh víosaí a phróiseáltar ar fud na seirbhíse domhanda, agus áirítear leo iad siúd a phróiseáltar in Oifig Víosaí na Roinne Dlí agus Cirt i mBaile Átha Cliath. Tagann formhór na n-iarratas a fhaigheann Oifig Víosaí na Roinne Dlí agus Cirt i mBaile Átha Cliath ó thar lear, trí Ambasáid nó Consal Oinigh, ach cuireann iarratasóirí líon beag acu go díreach go Baile Átha Cliath.

| | 2020 |
|---|---|
| Iarratais ar víosaí a phróiseáltar go domhanda | 42,335 |
| Iarratais ar víosaí gnó a phróiseáltar go domhanda | 3,984 |

# Ag Tacú lenár nÉifeachtacht

# Acmhainní Daonna na Roinne a Bhainistiú

**1,619**
**ball foirne** in 2020

**Bhog 569 ball foirne breise** in 2020, rud a bhain go díreach lenár bhfreagairt ar COVID

Ní áirítear leis sin figiúirí do Bhaill Foirne Áitiúla Féach ar an gcéad leathanach eile

## Miondealú de réir srutha (%)




## Miondealú de réir gráid (%)




## Miondealú de réir inscne (%)



## Postuithe thar lear in 2020:

**Thosaigh**
**131**
**postú**

**Chríochnaigh**
**121**
**postú**

**D'aistrigh**
**14**
**bhall foirne ó áit amháin go háit eile**

---

### Foireann Áitiúil ag obair ar mhisin thar lear amhail an 31 Nollaig 2020




### Cion na Foirne Áitiúla i gcoinne na foirne bunaithe sa cheanncheathrú




Ag eascairt ó ról túslíne AD maidir le freagairt ar fhorbairtí COVID-19, thug an Roinn Acmhainní Daonna faoi athbheartú tosaíochtaí i leith spriocanna agus chuspóirí na Straitéise AD i mBealtaine 2020, le breithniú déanta ar an gcaoi a seachadfar oibríochtaí AD na Roinne i dtimpeallacht seo na paindéime; an chuma a bheidh ar ár n-ionaid oibre amach anseo; an chaoi a dtacófar le folláine agus teacht aniar leanúnach ár bhfoirne; agus an chaoi a gcuirfear acmhainní ar fáil dár Roinn chun ligean don Roinn tabhairt faoi dhúshláin an téarnaimh náisiúnta tar éis na paindéime etc.  I measc roinnt de na buaicphointí a seachadadh ón Straitéis AD lasmuigh de fhreagairt COVID le linn 2020 bhí:

- Beartas Teangacha Eachtracha RGE
- Creat Foghlama agus Forbartha RGE 2020-2022
- Clár Ionduchtúcháin Foirne a bhfuil athstruchtúrú déanta air
- Clár Ceannaireachta Ceann Misin
- Seoladh Tionscadail Straitéisí Pleanála Fórsa Oibre
- Clár bliantúil um Fholláine ag an Obair
- Beartas um Shaoire Mháithreachais

# Oiliúint Teanga

**Costais Teanga de réir Limistéir in 2020**




**Miondealú ar na baill foirne a rinne cúrsaí One Learning:**

- **288** Oifigeach Cléireach
- **138** Oifigeach Riaracháin nó a chomhionann
- **88** bPríomhoifigeach Cúnta nó a chomhionann
- **212** Oifigeach Feidhmiúcháin
- **7** bPríomhoifigeach nó a chomhionann
- **43** Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- **1** Rúnaí Cúnta

# Oiliúint & Forbairt

In 2020, mar gheall ar shrianta COVID-19 i leith cruinnithe duine ar dhuine, d’éirigh leis an Aonad Oiliúna & Forbartha gach oiliúint foirne a chur ar líne. Ba é buaicphointe 2020 rolladh amach de chlár cuimsitheach réamhphostaithe ar líne. Chuireamar i láthair agus d’éascaíomar 54 sheisiún faoi leith do 154 bhall foirne.

In 2020 bhí 54 chúrsa One Learning, a chuir 789 gcomhghleacaí i gcrích. D’ionduchtaíomar 67 gcomhghleacaí nua sa Roinn & thacaíomar le 31 oifigeach tríd an scéim Aisíoc Táillí ar €100,303 de neaschostas.

In 2020 rolladh amach freisin Creat Foghlama & Forbartha na Roinne, agus an chéad Bheartas Teangacha Eachtracha. Is príomhtháirgí insoláthartha iad seo faoi Straitéis AD na Roinne 2019-2022.

Mar rud a chomhlánaíonn obair an Aonaid Oiliúna & Forbartha, chun tacú le gníomhaíocht taidhleoireachta digití na Roinne i rith na bliana, tháirg an tAonad Cumarsáide raon d’ábhair oiliúna chun tacú le misin maidir le hábhar digiteach a tháirgeadh agus ócáidí ar líne a óstáil.

## Roinn níos cothroime, níos ilghnéithí agus níos ionchuimsithí

Lean saothar na Roinne maidir le Comhionannas Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar aghaidh go tapa in 2020 trí shraitheanna comhthreomhara na Straitéise AD 2019-2022 agus Fo-Choiste an Bhoird Bhainistíochta don Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (ICÉC). Tá béim láidir inár Straitéis AD ar an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar cheann amháin dá ceithre phríomhchuspóir. Mar chuid den Straitéis, cheap an Roinn Ceannoifigeach ar ICÉC in 2019 chun comhordú a dhéanamh idir na foirne AD agus Fo-Choiste an Bhoird Bhainistíochta, agus chun cur chuige fianaise-bhunaithe a fhorbairt don ICÉC go hinmheánach.

Coinníonn an Fo-Choiste air ag feidhmiú mar an struchtúr rialachais do bhreithniú na saincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta. Faoin struchtúr Fochoiste, cuireann cúig Mheitheal Oibre dheonacha foirne – ar Inscne, LADT+, Cuimsiú Sóisialta, Míchumas, Tuismitheoirí & Cúramóirí Éireannacha Nua & Eitneacha – leis na Pleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Chomhionannas & Cuimsiú roimhe seo, agus cumhachtaítear gach comhghleacaí chun cur leis an gclár sin.




*Cárta Twitter i mBealtaine 2020 ag comóradh an Lae Idirnáisiúnta i gCoinne na Homafóibe, na Trasfóibe agus na Défhóibe, ar a bhfuil baill foirne Ambasáide ó mhisin éagsúla lonnaithe san AE © RGE*

In 2020 bhí sraith d'ócáidí foirne ann ar shaincheisteanna ICÉC lena n-áirítear ócáidí chun Lá Idirnáisiúnta na mBan, Seachtain Náisiúnta na gCúramóirí agus Bród a chomóradh. Agus í ag tabhairt tacaíocht don chlár Toilteanach, Ábalta, Meantóireacht (TÁM), thairg RGE dhá shocrúchán oibre íoctha do chéimithe faoi mhíchumas in 2020.

Oibríonn an Roinn seo freisin go dlúth le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse chun cuir chuige nua a fhorbairt don chomhionannas inscne, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil faoin mbearna phá idir fir agus mná, agus tá ionadaíocht aici ar choistí an Chlub 30% (craobh na seirbhíse poiblí) agus Líonra Ban na Státseirbhíse.

### TACAÍOCHT DO PHOBAIL LADTAI+ THAR LEAR

**Áirítear le tacaíocht na Roinne do phobail LADTAI+ bhí teagmháil dhíreach le heagraíochtaí neamhrialtasacha i dtíortha ar fud an domhain. Sa Eoraip Láir, litreacha tacaíochta ó Ambasadóirí do thionscnaimh chomhionannais (e.g. sa Pholainn, san Ungáir, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic agus san Ostair); rannpháirtíocht i Mórshiúlta Bróid; tacaíocht do thionscnaimh chultúrtha, lena n-áirítear scannáin Éireannacha a thaispeáint ag Féilte Scannán LADT (an Pholainn; Poblacht na Seice, an tSlóvaic agus an Ostair); ag cinntiú go gcomhroinntear léargas Éireannach ag seimineáir agus plé painéil, lena n-áirítear gníomhaithe LADTAI a bheith san áireamh ag ócáidí arna n-eagrú go díreach ag Ambasáidí nó a sheachadtar i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla.**

## TFC ina fhigiúirí

Fuair an Roinn
**13 mhilliún**
ríomhphost

agus sheol
**6 mhilliún**
ríomhphost

**42,000**
Físchomhdháil

Úsáid **38TB**
de shonraí in 2020

**960,000**
Ceangal Cianrochtana

Tacaíocht TFC ar glao-dhualgas
**24/7**

## Saoráil Faisnéise agus Cartlanna in 2020

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise




Comhaid a aistríodh go dtí an Chartlann Náisiúnta



## Slándáil ag ár Misin

Thug an Roinn faoi thrí athbhreithniú ar shlándáil ag Ambasáidí Éireannacha ag tús 2020 le tacaíocht an Gharda Síochána. Rinneadh níos mó ná céad duine a bhí ag dul chuig postú in 2020 a shroicheadh le hoiliúint slándála phearsanta ghréasánbhunaithe agus bunaithe ar sheimineár gréasáin i gcomhar le Scoil Oiliúna NA na bhFórsaí Cosanta Buana. Chláraigh an Roinn le seirbhís comhairle uilíoch leighis agus slándála i Márta 2020 tar éis próiseas soláthair iomaíoch. Leis an tseirbhís, arna chur ar fáil ag International SOS, tugtar d'oifigigh agus dá dteaghlaigh rochtain ar an gcomhairle leighis agus slándála is déanaí de lá agus d'oíche, agus tugtar tacaíocht i ngach áit ar domhan. Leis an tseirbhís seo tugtar rochtain ar sheirbhísí faisnéise agus foláirimh ghréasánbhunaithe agus líonra domhanda d'ionaid glaonna a bhfuil saineolaithe ábhartha mar acmhainn iontu.

## Measúnacht & Iniúchóireacht

Is aonad neamhspleách é an tAonad Measúnachta agus Iniúchóireachta laistigh de struchtúr rialachais corparáideach na Roinne, ag tuairisciú don Ard-Rúnaí. Is é misean an Aonaid tacaíocht, cosaint agus feabhsú a thabhairt do sholáthar mhisean na Roinne trí mheasúnú oibiachtúil, ráthú, comhairle agus léargas a sholáthar maidir le feidhmíocht chorparáideach, rialachas, bainistiú riosca agus rialú inmheánach a chur ar fáil. Cuireann Coiste Iniúchóireachta neamhspleách breithmheas neamhspleách ar fáil ar na socruithe iniúchóireachta agus measúnachta, agus foilsíonn sé tuarascáil gach bliain.

### Tacaíocht chomhairleach mhéadaithe

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 b'éigean don Aonad Measúnachta agus Iniúchóireachta obair a chur in ord tosaíochta chun tacú leis an bhfreagairt tras-Rialtais agus chun príomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí a choimeád, ag coigeartú chun a bheith ag obair go hiomlán ó chian, ag tacú le baill foirne sa Cheanncheathrú agus ag níos mó ná nócha misean thar lear, chomh maith le tacaíocht chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha go domhanda. In 2020, de thoradh ar chúinsí ar leith phaindéim COVID-19 agus a tionchar ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha, d'ardaigh leibhéal oibre comhairleoireachta an Aonaid Measúnachta agus Iniúchóireachta go suntasach.

### Tuarascáil Mhachnaimh COVID-19

Ceann de phríomh-ionchuir an Aonaid Measúnachta agus Iniúchóireachta i bhfreagairt na Roinne ba ea an tuarascáil *"COVID-19: Smaointe Tosaigh na Roinne Gnóthaí Eachtracha".* Rinne AMI anailís tosaigh ar an gcaoi ar fhreagair an Roinn ar ghéarchéim COVID-19 maidir lena leanas:

1. A chinntiú gur lean gnáthghnó na Roinne ar aghaidh, lena n-áirítear oiriúnuithe suntasacha a dhéantar ar rialachas agus chórais a aithint; agus

2. Tabhairt faoi riachtanais saoránach Éireannach thar lear trí obair Seirbhísí Consalachta agus an Líonra Misean, agus tacú leis an iarracht náisiúnta níos leithne arna chomhordú ag an Rialtas.

Taifeadadh sa chleachtas eispéiris ball foirne ar fud na Roinne agus a misean le linn Mhárta-Bealtaine 2020 phaindéim COVID-19 chun ceachtanna a foghlaimíodh a shainaithint agus bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh cinnteoireachta amach anseo. Cuireadh i gcrích é i Meitheamh 2020.



## Comhghuaillíocht Mheasúnachta Dhomhanda COVID-19

Bhunaigh Líonra Measúnachta ECFE DAC grúpa d'ionadaithe ó fheidhmeanna measúnachta déthaobhacha agus iltaobhacha chun Comhghuaillíocht Mheasúnachta Dhomhanda COVID-19 a chruthú. Déanann AMI ionadaíocht ar son na hÉireann mar bhall den Chomhghuaillíocht. Is é is rún don Chomhghuaillíocht luas agus cáilíocht na measúnachta, na hanailíse agus na cumarsáide a fheabhsú ar bhealaí a chuireann ar fáil fianaise chun bonn eolais a chur ar fáil do bheartas agus cinnteoirí, ceachtanna agus dea-chleachtais a ghiniúint, agus bunús a chur ar fáil le haghaidh cuntasacht comhpháirtithe forbartha, lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil don phobal. Sampla den obair a cuireadh i gcrích ó Chomhghuaillíocht Mheasúnachta Dhomhanda COVID-19 ba ea sintéis fianaise luath chun ceachtanna tosaigh a bhaint ó fhreagairt COVID-19 dhéthaobhach agus iltaobhach agus iarrachtaí téarnaimh. Ba cheart go dtacódh an tsintéis le gníomhaithe atá páirteach chun foghlaim agus gnímh a dhéanamh chun an iarracht leanúnach, agus freagairtí géarchéime amach anseo, a fheabhsú.

## Piarmheasúnú ar Fheidhm Mheastóireachta na hÉireann

Príomhphíosa oibre do AMI in 2020 ba ea an Piarmheasúnú ar fheidhm na meastóireachta, arna dhéanamh i gcomhar agus ar a chéile le comhghleacaithe ón bhFionlainn agus ón Eilvéis. Gineadh leis an athbhreithniú seo tátail dhearfacha agus moltaí cuiditheacha maidir le feidhm mheasúnachta na Roinne, agus dearbhaíodh go bhfuil feidhm mheasúnachta na Roinne ag obair ar chaighdeán ard.

## Rúnaíocht an Choiste Iniúchóireachta

Leanann AMI ar aghaidh ag cur ar fáil na Rúnaíochta do Choiste Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne, ag tacú leis an gCoiste ina ról comhairle a thabhairt don Ard-Rúnaí maidir le cobhsaíocht agus urrúntacht chórais agus nósanna imeachta na Roinne maidir le rialachas, bainistíocht riosca, rialuithe inmheánacha, agus measúnacht ar bheartais agus straitéisí. Tá gníomhaíochtaí agus obair an Choiste Iniúchóireachta don bhliain taifeadta i dTuarascáil Bhliantúil 2020 an Choiste, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Roinne.





**KATY ELLIS**
Eacnamaí & Anailísí Beartais | An tAonad Measúnachta & Iniúchóireachta

Is Oifigeach Riaracháin mé san Aonad Measúnachta & Iniúchóireachta, a dhéanann obair ar fud na Roinne go léir chomh maith le SEMRÉ (Seirbhís Eacnamaíoch agus Measúnachta Rialtas na hÉireann). Baineann mo ról le measúnachtaí agus athbhreithnithe straitéise misin agus téamacha a dhéanamh; anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil; tuarascálacha a scríobh; teagmháil le páirtithe leasmhara; agus obair chomhairleoireachta a sholáthar. Is é atá i gceist leis seo rannpháirtíocht i réimsí éagsúla den Roinn, lena n-áirítear: seirbhísí forbartha, consalachta, polaitíochta, trádála, agus corparáideacha.

Chuaigh mé isteach san Aonad i Meán Fómhair 2019 agus ó shin bhí mé ag obair ar phíosaí oibre a bhí an-ilghnéitheach agus spéisiúil, amhail; Athbhreithniú ar an Scéim Phíolótach Ataisé Trádála, agus Athbhreithniú ar Straitéis Misin na hÉireann le haghaidh Vítneam agus fho-réigiún na Mekong 2017-2020. Mar chuid de mo ról, bhí mé ag obair freisin ar athbhreithnithe caiteachais don Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Foilsíodh athbhreithniú caiteachais The Ethiopia Country Strategy Paper 2014-2019 Páipéar Straitéise Tíre na hAetóipe i nDeireadh Fómhair 2020.

# Rannán Prótacail in 2020

## CUAIRTEANNA AMACH

Cuairt ón Uachtarán Ó hUiginn
ar Kraków in Eanáir 2020 do

**Chomóradh 75 bliain ó Shaoradh Auschwitz**



## CUAIRTEANNA ISTEACH

Cuairt Stáit chun na hÉireann
**óna Shoilse an tUasal Prokopios Pavlopoulos, Uachtarán na Poblachta Heilléanaí (an Ghréig)**

Eanáir



Cuairt ó **Ionadaithe Buana chuig na Náisiúin Aontaithe,**

Feabhra



Cuairt **óna Mhórgacht Ríoga, Diúc Cambridge, agus a Mórgacht Ríoga, Bandiúc Cambridge,**

Márta



Cuairt ó **Thoscaire Speisialta SAM ar Thuaisceart Éireann, an tUasal Mick Mulvaney**

Meán Fómhair



Cuairt **óna Shoilse an tUasal Charles Michel, Uachtarán na Comhairle Eorpaí,**

Deireadh Fómhair



## IMEACHTAÍ A BHAIN LEIS AN gCÓR TAIDHLEOIREACHTA

Tionóladh
### Beannachtaí na hAthbhliana
ar an 30 Eanáir 2020



Tionóladh
### Cuimhneachán an Ghorta Mhóir
ar an 17 Bealtaine 2020



(I bhfianaise Covid, bhí Déan an Chóir Taidhleoireachta mar ionadaí ar an gCór Taidhleoireachta)

Tionóladh
### an Lá Náisiúnta Comórtha
ar an 12 Iúil 2020



(I bhfianaise Covid, bhí Déan an Chóir Taidhleoireachta mar ionadaí ar an gCór Taidhleoireachta agus 7 nAmbasadóir ainmnithe)

## CEAPADH CONSAIL OINIGH

Ceapadh 9 gConsal Oinigh in 2020



## IMEACHTAÍ - TEACH UÍBH EACHACH

28 nImeacht
Eanáir – Márta 2020



# Rannán Prótacail in 2020

## PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ DON CHÓR TAIDHLEOIREACHTA 2020

**65** Mhisean Cónaitheach
(le hos cionn 1300 ball foirne + duine muinteartha)

86 Mhisean neamhchónaitheach agus 5 Eagraíocht Idirnáisiúnta.

Fuarthas
**1,800+**
Nóta Tríú Páirtí

**55** Litir Dintiúr agus Athghairm Ambasadóirí Éireannacha

Bronnadh dintiúir ar
**17**
nAmbasadóir

Imréiteach Taidhleoireachta – os cionn 1,200 iarratais i gcomhair imréiteach taidhleoireachta

Próiseáladh **350+**
víosa taidhleoireachta

**400+**
Cárta aitheantais RGE

Próiseáladh **2043**
iarratas taidhleoireachta, custam agus CBL

Seoladh **128**
teachtaireacht le haghaidh Laethanta Náisiúnta

Seoladh
**650+**
cárta Nollag agus Athbhliana

# Na Meáin Shóisialta agus Caidreamh Preasa

## @DFATIRL

**69,100**

Leantóir ar chuntas Twitter oifigiúil na Roinne @dfatirl

**Méadú 40%,** ó 2019

**99 gcuntas Twitter,** 10 gceann acu arna n-oibriú ón gCeanncheathrú agus 89 ag na misin thar lear

**667,396 de lucht leanta** thar na cuntais go léir

**Méadú 25%** ó 2019

## @DFATIRELAND

**Méadú 64%** ó 2019

**Thug 18,091 úsáideoir Facebook "like"** do leathanach Facebook Cheanncheathrú RGE

Is leantóirí **baineanna** iad **móramh ár leantóirí laistigh den aoisghrúpa 35-44**

**64** chuntas agus 4 cinn arna n-oibriú ón gCeanncheathrú agus 60 ag na misin thar lear

Thug **280,546** úsáideoir Facebook **'like'** dár leathanach faoi dheireadh na bliana 2020, **méadú 20% ó 2019**

Níos mó ná **47,000** **"like" nua in 2020**

## DFA LINKEDIN

**23,142 leantóir** thar **6 chuntas LinkedIn**

**13,778 leantóirí ar leathanach LinkedIn RGE, méadú 70% ó 2019**

Oibríonn **14%** dár leantóirí sa **riarachán rialtais** fad is atá **5.62%** a oibríonn san **Ardoideachas** agus **4.37%** sa **Dlí**

**Fás 56%** dár ngréasán ó 2019

Na cúig áit is mó ina bhfuil leantóirí LinkedIn RGE lonnaithe

- Baile Átha Cliath
- Londain
- Béal Feirste
- Nua-Eabhrac
- Corcaigh

## Preas agus Meáin

**Pléadh le 574 Preasfhiosrúchán in 2020**

**259 meán** creidiúnaithe chun cuairt a thabhairt chun na hÉireann ag a Mhórgacht Ríoga Diúc Cambridge agus a Mórgacht Ríoga Bandiúc Cambridge, 3-5 Márta 2020

**D'fhreastail** níos mó ná **40,000 duine ar imeachtaí "Éireannach um Nollaig"** ardán digiteach i dtaobh na rannpháirtíochta leis an diaspóra nach raibh in ann filleadh abhaile do Nollaig 2020

Thacaigh **Éireannach um Nollaig** le clár ina mbíonn níos mó ná **300 imeacht cruthaitheach, cultúrtha, agus pobail**

# Ár Láithreacht ar Líne in 2020

**90** Láithreán Gréasáin ag Misin Taidhleoireachta

**66** Ambasáid

**16** Chonsalacht

**8** nEagraíocht Iltaobhacha agus Eile

Cuairteanna ar Láithreáin Ghréasáin:

**11,837,147** 2019

**14,628,853** 2020

▲ **24%**

**Dé hAoine an 13 Márta**

## An lá ba ghnóthaí den bhliain

Nuair a d'eisigh an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, T.D. ráiteas ar Chomhairle Taistil COVID-19.

**61%** de chuairteoirí a fuair rochtain thar fhóin phóca/ ghléasanna táibléid

**39%** de chuairteoirí a fuair rochtain thar ríomhaire deisce

Na cúig leathanach ba mhó tóir orthu:

| Leathanach | Cuairteanna |
|---|---|
| Pas ar Líne | 2,929,087 |
| Rianaigh do Phas | 2,709,072 |
| Comhairle Taistil COVID-19 | 572,326 |
| Comhairle Taistil | 536,062 |
| CCanna, Pas ar Líne | 517,384 |

Na deich láithreán gréasáin de chuid Ambasáidí na hÉireann is mó de réir líon na gcuairteoirí:

1. **An Bhreatain Mhór**
2. An India
3. Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
4. SAM
5. An Nigéir
6. An Rúis
7. An Ghearmáin
8. An Astráil
9. Ceanada
10. An Spáinn

Na deich gcathair lasmuigh d'Éirinn ónar tugadh cuairt ar ár láithreáin ghréasáin:

1. **Londain**
2. Dubai
3. Abú Daibí
4. Nua-Eabhrac
5. Manchain
6. Glaschú
7. Sydney
8. Birmingham
9. Ashburn (Virginia)
10. Briostó

**2:17** Meán-am a caitheadh ar an láithreán gréasáin

**2.34** Meánlíon leathanach in aghaidh an tseisiúin



**YVONNE GERAGHTY**
Oifigeach Feidhmiúcháin | Aonad Cumarsáide

Tá mo ról san fhoireann Ghréasáin & Dhigiteach san Aonad Cumarsáide chomh dinimiciúil agus atá sé tairbheach.

I measc na bpríomhdhualgas atá orm mar pháirt den fhoireann Ghréasáin & Dhigiteach tá físeáin a thaifeadadh agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu don Roinn, suíomhanna gréasáin RGE agus na misean a fhorbairt agus a chothabháil, agus sócmhainní ilmheán a chruthú le húsáid ag misin agus ag an gCeanncheathrú.

Bhí mé ar dhuine den bheagán ar fhoireann RGE a fuair taithí ag obair in oifig na Ceanncheathrún le linn phaindéim COVID-19 – ach ní gnátheispéireas oibre a bhí ann. Thosaigh ár bhfoireann ilmheán ag díriú ar theachtaireachtaí Aireachta a scannánú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus bhí teachtaireachtaí sábháilteachta agus nósanna imeachta COVID-19 ríthábhachtach sa phróiseas seo. B'éigean dúinn ár gcur chuige agus ár stiúideo a oiriúnú; ag scannánú i maisc taobh thiar de scáileáin phleicseaghloine, agus fanacht scartha ón duine i gcónaí.

Ní gan deacracht a leanamar dár seirbhís trí COVID-19, ach tá lúcháir orm go raibh mé ábalta cabhrú maidir le cumarsáid na Roinne leanúint ar aghaidh le linn am deacair agus dothuartha.

# Bainistíocht Airgeadais

# Ár mBuiséad do 2020

Leithdháileadh caiteachas na Roinne in 2020 ar shé Chlár Caiteachais a fhreagraíonn do na Spriocanna Ardleibhéil mar a leagtar amach iad i Ráiteas Straitéise 2017–2020 na Roinne.

Rinneadh cúig cinn de na Cláir sin a bhainistiú le creat caiteachais Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus rinne an ceann eile a bhainistiú le creat Vóta 27 (Comhar Idirnáisiúnta). San áireamh leis na leithdháiltí buiséid do gach Clár, tá costais riaracháin pá agus neamhphá a thabhaíonn aonaid ghnó RGE in Éirinn agus misin taidhleoireachta na hÉireann timpeall an domhain. Cuireadh na Cláir i bhfeidhm chun tacú le príomhthosaíochtaí oibre na Roinne mar a dhéantar cur síos orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Is príomhthiomantas den Roinn seo luach ar airgead a sholáthar do cháiníocóirí Éireannacha agus trédhearcacht inár ngnóthaíocht airgeadais.

B'ionann leithdháileadh iomlán ollchaiteachais 2020 do Vóta 28, leithdháileadh Caipitil €10.5 milliún san áireamh, agus €281 milliún (i gcomparáid le níos mó ná €270 milliún in 2020, méadú +4%). B'ionann an leithdháileadh iomlán riaracháin do Vóta 28 in 2020 agus €207.56 milliún, arbh ionann é agus méadú +4.7% ar leithdháileadh 2019. Baineann an t-iarmhéid leis an gcaiteachas Cláir.

Ba é príomhfhócas na hinfheistíochta caipitil in 2020 an Clár Athchóirithe Pasanna, an infheistíocht leanúnach i TFC chun tacú le líonra domhanda mhisin taidhleoireachta na hÉireann (agus freagairtí TFC a bhaineann go sonrach le COVID-19), chomh maith le hinfheistíocht i réadmhaoine Stáit agus oscailt misean nua taidhleoireachta faoin gclár Éire Dhomhanda.

Mar a shonraítear sa Tuarascáil seo, thug an Roinn comhairle nó cabhair do na mílte daoine chun filleadh go sábháilte go hÉirinn mar chuid den fhreagairt chonsalachta ar phaindéim COVID-19. I mionlach beag cásanna, bhí san áireamh leis seo cabhair airgeadais a chur ar fáil do roinnt saoránach Éireannach ar tharla dóibh a bheith sáinnithe nó i riocht an-leochaileach thar sáile agus iad gan rochtain ar na hacmhainní riachtanacha iad féin. I ngach cás, thug na saoránaigh faoi aon chabhair airgeadais a aisíoc ar fhilleadh abhaile dóibh. Thionscain an Rannán Airgeadais córas íocaíochta ar líne, ar gearrfhógra, ag úsáid PayPal chun saoránaigh a éascú chun aisíoc go pras agus ar bhealach éifeachtúil.

Shocraigh an Roinn oibríochtaí aisdúichithe freisin chun saoránaigh sháinnithe Éireannacha, AE agus eile a thabhairt ar ais go sábháilte ó Líoma, Peiriú; Goa/Deilí Nua, an India agus Lagos, an Nigéir.

Íocadh aon chostais bhreise a d'eascair ó na hoibríochtaí aisdúichithe seo ó choigiltí a gineadh in áiteanna eile i leithdháileadh 2020, go príomha sa bhuiséad um Thaisteal agus Cothabháil mar gheall ar an laghdú suntasach i ngníomhaíochtaí de thoradh ar an bpaindéim. Forchúitíodh cuid shuntasach de na costais a bhaineann leis na trí oibríocht aisdúichithe chairtfhostaithe trí Shásra Cosanta Sibhialta Aontais an AE (SCSA), lena gcuirtear ar fáil cabhair rialtais tar éis tubaiste nó géarchéime. Bhí an Roinn ábalta €436,000 san iomlán a fhorchúiteamh i leith na dtrí oibríocht aisdúichithe a shocraigh sí.

Chomh maith leis sin, agus tar éis faomhadh ón mBord Bainistíochta, d'atreoraigh an Rannán Airgeadais freisin buiséid nár úsáideadh a bhí ann de thoradh ar an bpaindéim chun ceannach trealaimh a éascú le húsáid agus iad ag obair ón mbaile.

Chuir an Rialtas oll-leithdháileadh €838 milliún ar fáil do Chúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) in 2020. Rinne Rannán um Chomhar Forbartha agus na hAfraice (RCFA) de chuid na Roinne €551 mhilliún den oll-leithdháileadh foriomlán sin a riar faoi Vóta 27 – Comhar Idirnáisiúnta. Ba ionann sin agus méadú €21 milliún in COF (nó tuairim is 3% ar leibhéil 2019). Ba é seo an cúigiú bliain as a chéile freisin inar mhéadaigh an Rialtas an leithdháileadh iomlán ar COF agus cuireann sé tuilleadh fianaise ar fáil ar thiomantas na hÉireann do dhul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh céim ar chéim i dtreo sprioc COF na Náisiún Aontaithe de 0.7% den Ollioncam Náisiúnta faoi 2030.



**JOSEPH KEANE**
Oifigeach Feidhmiúcháin | Rannán Airgeadais

I bhFeabhra 2020 rinneadh Oifigeach Feidhmiúcháin díom sa Rannán Airgeadais, is é mo ról cabhair agus comhairle a thabhairt do mhisin agus m'fhoireann lena gcuntais mhíosúla agus a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta cearta cuntasaíochta. Faoi lár mhí an Mhárta 2020 – 3 seachtaine go díreach tar éis dom tosú i mo phost nua – chuaigh paindéim COVID-19 i dtreis ar fud an domhain agus cuireadh gach oifigeach abhaile agus thosaigh siad ar phrótacal obair ón mbaile.

Ag tús na paindéime bhí saincheisteanna ag a lán saoránach Éireannach ar fud an domhain agus iad ag déanamh iarrachta filleadh ar Éirinn. Chuir an Roinn tionscadal aisdúichithe ar bun go tapa agus iarradh orm cabhrú maidir le seachadadh agus cuntasaíocht an tionscadail seo. Is é a bhí i gceist leis seo modhanna agus nósanna imeachta nua a dhréachtú chun sonrasc a chur chuig gach duine a aisdúichíodh, ceisteanna a fhreagairt agus dul i dteagmháil lenár misin agus comhghleacaithe ar fud an domhain nuair is gá.

Bhí na chéad seachtainí measartha dian mar gheall ar an líon daoine a bhí á n-aisdúichiú, agus iarracht á déanamh cabhrú le daoine i gcriosanna ama éagsúla. Ach bhain mé an-taitneamh as an obair, d'fhoghlaim mé a lán scileanna nua agus bhí mé sásta go raibh baint agam ar bhealach éigin le cabhrú le saoránaigh Éireannacha filleadh abhaile go sábháilte.

# Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha Vóta 28

| Cláir | | Olltoradh 2019 | Olltoradh 2020 |
|---|---|---|---|
| A | "Ár nDaoine" | €78,039m | €80,756m |
| B | "Ár nÁit san Eoraip" | €29,360m | €32,201m |
| C | "Ár Luachanna" | €61,782m | €56,288m |
| D | "Ár Rathúnas" | €41,476m | €37,251m |
| E | "Ár dTionchar" | €55,727m | €48,400m |
| | **Caiteachas Iomlán** | **€266,384m** | **€254,896m** |
| F | **Leithreasaí i gCabhair** | **- €69,213m** | **- €38,264m** |
| | | €197,171m | €216,632m |

**Olltoradh 2019 (€m)**




**Olltoradh 2020 (€m)**



# Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha
# Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta

## Clár: Obair ar an mbochtaineacht agus an t-ocras a laghdú

Olltoradh de réir Figiúirí Fotheidil in €000anna

| Fotheideal | | Olltoradh 2019 | Olltoradh 2020 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Riarachán – pá | 17,642 | 18,968 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 14,793 | 12,947 |
| A.3 | Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil | 411,086 | 414,013 |
| A.4 | Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa tíortha i mbéal forbartha | 59,459 | 57,137 |
| A.5 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile | 40,621 | 44,654 |
| **Ollchaiteachas** | | **543,601** | **547,719** |
| B | Leithreasaí i gCabhair | 1,186 | 1,046 |
| **Glanchaiteachas** | | **542,415** | **546,673** |

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs